PLEAN DEIS 2017

Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna

Réamhrá an Aire

Is é ár n-uaillmhian go mbeidh an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip againn faoi cheann deich mbliana. Áirítear leis seo spriocanna chun cosán na ndeiseanna oideachais a fheabhsú dóibh siúd a thagann a fhad leis an oideachas agus iad faoi mhíbhuntáiste agus neartú acmhainn an oideachais constaicí i bpobail ina bhfuil an-chuid míbhuntáiste a shárú.

Baineann cuid mhór d'obair ceannairí scoile, múinteoirí, na Roinne Oideachais agus Scileanna agus a gcuid gníomhaireachtaí lena chinntiú go bhfaighidh aon dalta a bheadh ag streachailt leis an oideachas an tacaíocht is fearr agus is féidir. Tá cláir shainiúla ar bun do pháistí a bhfuil dúshláin foghlama acu. Lena chois sin, ceapadh clár 'Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna' chun tacaíocht shainoiriúnaithe a thabhairt do scoileanna ina bhfuil a lán míbhuntáiste.

Léiríodh, in athbhreithniú ar an gclár sin, feabhsúcháin fhollasacha i dtéarmaí torthaí oideachais agus sa dul chun cinn tríd an scoil ag daltaí bainteacha. Aithníodh ann freisin réimsí le haghaidh feabhsúcháin trína dtreorófar an bealach chun cinn.

Leagtar amach sa phlean nua seo spriocanna nua a bheidh le baint amach i dtéarmaí torthaí feabhsaithe do pháistí. Is é an aidhm na bearnaí a iamh agus cosáin níos fearr a fhorbairt.

Is é a dhéanfaidh an plean: dea-chleachtas a fhorbairt i leith scoileanna a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu, tús, ar bhonn píolótach, a chur le modhanna nua ar féidir iad a phríomhshruthú le himeacht, an réimse tacaíochta a chomhtháthú i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí eile le gur fearr an tionchar a bheidh acu agus leanúnachas tacaíochta níos fearr a chruthú i réimse níos leithne scoileanna le himeacht ama.

Tá súil agam gur féidir linn, thar thréimhse ama, a chur ar chumas gach scoile timpeallacht foghlama a thairiscint ina bhféadfaidh gach páiste a n-acmhainneacht a bhaint amach gan páistí ná scoileanna a lipéadú. D'fhonn an toradh is fearr agus is féidir a chinntiú, is féidir linn an deis is fearr agus is féidir a thabhairt do gach páiste lena lánacmhainneacht bheatha a bhaint amach. Is aistear é seo agus is céim thábhachtach ar an aistear é an plean seo.

Richard Bruton TD,
Aire Oideachais agus Scileanna

Leagann Plean DEIS amach ár bhfís maidir leis an idirghabháil amach anseo i réimse barrtháibhachtach an ionchuimsithe shóisialta sa bheartas oideachais. Beidh sé in áit an Phlean Gnímh a aontaíodh i 2005 feasta.

Fís

An tOideachas a bheith ina chonair chruthaithe chuig deiseanna níos fearr dóibh siúd as pobail atá i mbaol míbhuntáiste agus eisiaimh shóisialta.

Uaillmhian

Bheith chun tosaigh ar an Eoraip i dtaca le feidhm a bhaint as an oideachas le constaicí a bhriseadh anuas agus le cúl a chur ar phatrún an mhíbhuntáiste idirghlúine trí fhoghlaimeoirí a chumasú le bheith páirteach, bheith rathúil agus cur go héifeachtúil leis an tsochaí sa domhan seo atá ag athrú.

Spriocanna

Lenár bhfís a fhíorú tá spriocanna uaillmhianacha leagtha amach againn.

Tomhas	Sprioc
RÁTAÍ LITEARTHACHTA DEIS[1] [TÁSCAIRÍ ÁBHARTHA: MEASÚNACHTAÍ NÁISIÚNTA AR LÉAMH BÉARLA AGUS AR MHATAMAITIC (NAERM); CLÁR UM MHEASÚNACHT IDIRNÁISIÚNTA DALTAÍ (PISA)]	CÉATADÁN DALTAÍ I RANGANNA 2 AGUS 6 I SCOILEANNA DEIS B H ANDA 1 A GHNÓTHAÍONN LEIBHÉAL 3 NÓ NÍOS AIRDE SA LITEARTHACHT LÉIMH A MHÉADÚ Ó 18% AGUS 21% FAOI SEACH CHUIG 25% AGUS 27% FAOI 2020 AN CÉATADÁN DALTAÍ 15 BLIANA D'AOIS A GHNÓTHAÍONN LEIBHÉAL 4 NÓ NÍOS MÓ SA LITEARTHACHT LÉIMH A MHÉADÚ Ó 28% CHUIG 33% FAOI 2020 AN CÉATADÁN DALTAÍ 15 BLIANA D'AOIS A GHNÓTHAÍONN LEIBHÉAL 5 NÓ NÍOS MÓ SA LITEARTHACHT LÉIMH A MHÉADÚ Ó 7% CHUIG 10% FAOI 2020 CÉATADÁN DALTAÍ I RANGANNA 2 AGUS 6 I SCOILEANNA DEIS BHANDA 1 A GHNÓTHAÍONN LEIBHÉAL 1 NÓ FAOINA BHONN SA LITEARTHACHT LÉIMH A LAGHDÚ Ó 44% AGUS 47% FAOI SEACH CHUIG 40% FAOI 2020 CÉATADÁN DALTAÍ 15 BLIANA D'AOIS I SCOILEANNA DEIS A GHNÓTHAÍONN LEIBHÉAL 1 NÓ FAOINA BHONN SA LITEARTHACHT LÉIMH A LAGHDÚ Ó 16% CHUIG 12% FAOI 2020

[1] Forbraíodh an sprioc mar chuid den Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta ar Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020.

Rátaí uimhearthachta scoileanna DEIS[2]	An céatadán daltaí i ranganna 2 agus 6 i scoileanna DEIS BHanda 1 a ghnóthaíonn leibhéal 3 nó os a cionn sa mhatamaitic a mhéadú ó 21% agus 19% faoi seach chuig 25% faoi 2020. An céatadán daltaí 15 bliana d'aois a ghnóthaíonn Leibhéal 4 nó os a cionn sa mhatamaitic a mhéadú ó 23% chuig 29% faoi 2020 An céatadán daltaí 15 bliana d'aois i scoileanna DEIS a ghnóthaíonn leibhéal 5 nó os a cionn sa mhatamaitic a mhéadú ó 6% chuig 10% faoi 2020 An céatadán daltaí i ranganna 2 agus 6 i scoileanna DEIS Bhanda 1 a ghnóthaíonn leibhéal 1 nó faoina bhonn sa mhatamaitic a laghdú ó 52% agus 50% faoi seach go 45% agus 42% faoi 2020 An céatadán daltaí 15 bliana d'aois i scoileanna DEIS a ghnóthaíonn Leibhéal 1 nó faoina bhonn sa mhatamaitic a laghdú ó 22% go faoi 16% faoi 2020
rátaí coinneála daltaí scoileanna deis	Leanúint de bheith ag feabhsú rátaí coinneála i scoileanna DEIS dara leibhéil, ón ráta reatha 82.7% chuig an norm náisiúnta, 90.2% faoi láthair, faoi 2025
Folláine Daltaí	An clár múinteoirí 'Incredible Years' a leathnú i scoileanna DEIS le teagmháil a mhéadú ó c.20,000 foghlaimeoir i 130 scoil go 104,000 foghlaimeoir i 646 scoil faoi 2019 An clár 'Friends' a leathnú i scoileanna DEIS leis an teagmháil a mhéadú ó c.25,000 foghlaimeoir i 275 scoil chuig 172,000 foghlaimeoir i 831 scoil faoi 2019
Dul ar aghaidh chuig an Bhreis- agus Ard-Oideachas	An céatadán daoine san ardoideachas nach ón ngrúpa lámhoibrithe iad a mhéadú go 30% faoi 2019 An céatadán daoine ón ngrúpa oibrithe leathoilte/neamhoilte san ardoideachas a mhéadú chuig 35% faoi 2019 An céatadán mac léinn lánfhásta céad uaire san ardoideachas a mhéadú ó 16% i gcás mac léinn lánaimseartha agus 24% i gcás mac léinn lánaimseartha/páirtaimseartha/solúbtha lán-fhásta faoi 2019

[2] Forbraíodh an sprioc mar chuid den Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta ar Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020.

	An céatadán mac léinn ag staidéar ar bhonn páirtaimseartha/solúbtha san Ardoideachas a ardú go 22% faoi 2019 An céatadán mac léinn isteach san ardoideachas ar cáilíocht ón mbreisoideachas atá acu a mhéadú go 10% faoi 2019 An líon taistealaithe san ardoideachas a mhéadú go 80 faoi 2019
Oideachas múinteoirí	Rochtain ag mic léinn ó spriocghrúpaí ar an oideachas tosaigh múinteoirí a mhéadú faoi 2018 Cláir oideachais múinteoirí agus forbartha gairmiúla a fheabhsú le tacú le hionchais ardaithe i measc mac léinn i dtaca lena gcumas san ardoideachas
Rannpháirtíocht Tuismitheoirí	An leibhéal rannpháirtíochta ag tuismitheoirí ina bpobal scoile a fheabhsú trí phleanáil scoile níos fearr agus pleanáil seirbhíse *Tusla*
Naisc le pobail	Naisc a fheabhsú a chuidíonn le mic léinn bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí tríd an phleanáil scoile níos fearr agus trí rannpháirtíocht fheabhsaithe le Coistí Forbartha Pobail áitiúla agus Coistí Seirbhísí Páistí agus Daoine Óga

Leagadh síos na spriocanna seo bunaithe ar mhéadrachtaí atá ar fáil ach tá sé i gceist againn leanúint dár n-acmhainn tomhais a fheabhsú le táscairí nua.

Cuspóirí

Le go mbainfear amach na spriocanna a leagamar síos, agus bunaithe ar na cúig chuspóir a leagadh amach sa Phlean Gnímh don Oideachas 2016-2019, is iad seo a leanas na Bunchuspóirí atá leagtha amach romhainn sa Phlean DEIS seo:



Tá béim leanúnach sa taighde idirnáisiúnta ar an míbhuntáiste oideachasúil ar an luath-idirghabháil, agus ar thionchar láidir na luath-idirghabhála déine ar thorthaí meán- agus fadtéarmacha.

Tá trí chatagóir leathana i gceist leis na hidirghabhálacha i dtíortha eile le tabhairt faoin míbhuntáiste oideachasúil; cláir dhiana san oideachas luathbhlianta, beartais a dearadh leis an ghnóthachtáil acadúil a fheabhsú, méid ranga san áireamh agus clár litearthachta agus maoiniú dírithe nó maoiniú cúitimh do scoileanna agus do cheantair faoi mhíbhuntáiste. Bhí cur chuige den chineál céanna ag an gClár Tacaíochta Scoileanna DEIS le béim ar thacú le scoileanna cláir litearthachta agus uimhearthachta a sholáthar agus ar bhunmhaoiniú breise a chur ar fáil, chomh maith le hacmhainní a chur ar fáil le haghaidh ranganna níos lú do dhaltaí sóisearacha sna scoileanna is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Bhí béim faoi leith i gcomhthéacs na hÉireann ar chur chuige uile-scoile a bheith ann, a aithnítear ar bhonn idirnáisiúnta, lena chur ar chumas scoileanna plé le dúshláin nua chasta a bhaineann leis an méadú ar éagsúlacht sa tsochaí. Tógann seo pobal uile na scoile san áireamh (príomhoidí, foireann teagaisc agus foireann eile, foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus teaghlaigh) agus iad rannpháirteach i dteagmháil chomhleanúnach, chomhoibríoch le páirtithe leasmhara seachtracha agus leis an bpobal i gcoitinne le torthaí níos fearr do chách a chur ar fáil.

Tá tugtha le fios go leanúnach sa taighde gur comhdhualgas é an t-oideachas idir tuismitheoirí agus an scoil. I gcomhthéacs na hÉireann, ní hionann agus dlínsí eile, tá aitheantas ag tuismitheoirí sa bhunreacht agus sa dlí mar chéad oideachasóirí a bpáistí agus ról barrtháibhachtach acu in aistear oideachais a bpáistí. I ngeall ar a fheabhas a d'éirigh leis an Scéim 'Home School Community' in Éirinn, a chuireann le rannpháirtíocht tuismitheoirí trína

gcumasú chun tacú le hoideachas a bpáistí, tá aitheantas aige i ndlínsí eile mar bheartas nuálach.

Sainaithníonn Plean DEIS breis agus 100 gníomh a thacóidh leis na cuspóirí atá leagtha amach againn. Cinnteoidh na gníomhartha seo go mbainfear amach na spriocanna a d'aithin muid agus go mbeidh torthaí leasaithe ag na foghlaimeoirí ar mó a mbaol míbhuntáiste.

Ar na gníomhartha seo, tá:

- Tabharfar tús áite do cheannairí scoile agus do phríomhoidí i scoileanna DEIS maidir leis an oiliúint sa cheannasaíocht ghairmiúil, cúrsaí ullmhúcháin le haghaidh príomhoidí nuacheaptha, cúrsaí cóitseála agus meantóireachta

- Beidh teacht ag gach iar-bhunscoil rannpháirteach sa Chlár Tacaíochta Scoile ar chomhairleoir a phléann go sainiúil leis an treoir ghairme

- Neartófar na naisc idir réamhscoileanna agus bunscoileanna i bpobail

- Iarrfar ar scoileanna, san athbhreithniú bliantúil ar a bPlean Scoile, spriocanna sainiúla, intomhaiste, inbhainte amach, réalaíocha agus teoranta ó thaobh ama de, a leagan amach, ar a n-áireofar spriocanna don litearthacht agus don uimhearthacht, don FGL agus don cheannaireacht agus iad seo a luacháil ar bhonn bliantúil

- Tionscnófar cur chuige píolótach le hidirghabhálacha éifeachtacha a shainaithint agus a fhiosrú conas a bhain siad seo agus cruthaitheacht bhreise sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim, agus soláthar tacaíochtaí eile, úsáid éifeachtach as na hacmhainní atá ar fáil do scoileanna le torthaí maithe oideachais a bhaint amach

- Bunófar Ciste Barr Feabhais Scoileanna Nua le tacaíocht ó Aonad Forbartha DEIS píolótach a thacóidh le hidirghabhálacha nua a chur i bhfeidhm agus a chabhróidh leis na hacmhainní riachtanacha a fháil ó na gníomhaireachtaí éagsúla tacaíochta

- Beidh sé riachtanach faoi Mheán Fómhair 2017 Scéim Leabhar ar Cíos a bheith ar obair i scoileanna atá rannpháirteach sa Chlár Tacaíochta Scoileanna

- Scoileanna DEIS a bheith ar thús cadhnaíochta i dtaca le seirbhís NEPS a bheith ar fáil

- Bunóidh Boird Oideachais agus Oiliúna socruithe foirmiúla for-rochtana le scoileanna DEIS leis an rochtain a spreagadh ar chonairí reatha oideachais

- Déanfar an fhoghlaim ó chláir ABC a thabhairt isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus i dtacaíochtaí reatha eile i scoileanna

- Leathnófar an Chomhpháirtíocht Gnó Scoileanna le riar ar scoileanna nua atá san áireamh sa Chlár Tacaíochta Scoileanna

An Plean

Cuireann Plean DEIS tacar uaillmhianach cuspóirí agus gníomhartha i láthair chun tacú le páistí is mó baol míbhuntáiste oideachasúil; agus tugann sé isteach gníomhartha a thacóidh leis na nithe seo a leanas:

- **Modheolaíocht nua i leith scoileanna a shainaithint**
  Ciallaíonn sonraí feabhsaithe atá ar coinneáil go lárnach go bhfuil modh níos fearr againn anois atá níos freagrúla d'athruithe déimeagrafacha agus eile. Is féidir anois imeacht ón gcóras righin, sách dolúbtha le haghaidh scoileanna a shainaithint agus acmhainní a dháileadh, atá ar bun go dtí seo.

- **Córas níos éifeachtaí le hacmhainní a dháileadh lena chinntiú go ndéantar acmhainní a mheaitseáil leis an riachtanas a sainaithníodh i scoileanna**
  Ciallaíonn sonraí feabhsaithe fosta gur féidir linn acmhainní a mheaitseáil leis an riachtanas, á chinntiú go bhfaigheann siad siúd ar mó a riachtanas tacaíochtaí oiriúnacha ar feadh na tréimhse cuí. Tugann torthaí ó mheasúnú chlár DEIS le fios go bhfuil an bhearna idir scoileanna DEIS agus scoileanna eile ag cúngú, tá an ghnóthachtáil iomlán sa léamh agus sa mhatamaitic, go háirithe i scoileanna Banda 1, níos ísle ná mar atá i scoileanna eile. Insíonn sé seo dúinn gur gá dúinn beartais shaindírithe bhreise a thabhairt isteach a chuideoidh an bhearna seo a laghdú. Tá a fhios againn gur féidir difear a bheith idir an tionchar ar thorthaí foghlama ag cúinsí socheacnamaíocha ag brath ar shuíomh uirbeach nó tuaithe, agus is gá é sin a thabhairt san áireamh.

- **Obair idir-rannach agus idirghníomhaireachta níos fearr chun seirbhísí níos éifeachtúla a sholáthar i scoileanna agus thart orthu**
  Tá réimse gníomhaireachtaí stáit agus Eagrais Neamh-Rialtais státmhaoinithe ag obair i scoileanna agus thart orthu le tacú leo siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Ciallaíonn socruithe feabhsaithe don obair idirghníomhaireachta agus don chomhoibriú gur féidir leis na socruithe seo bheith níos éifeachtaí. Mar sin, áirítear gníomhartha a bhfuil sé mar chuspóir acu cur le hullmhúchán páistí réamhscoile don scoil, éifeachtacht tacaíochtaí iompair agus teiripe agus seirbhísí a imeascadh a thacaíonn le tinreamh ar scoil, le coinneáil agus le dul chun cinn.

- **Cur chuige píolótach maidir le beartais a thabhairt isteach ar léiríodh gur oibrigh siad go maith maidir le torthaí foghlama a fheabhsú.**
  Forbraíodh roinnt cleachtais den scoth sa teagasc agus san fhoghlaim le blianta beaga anuas, idir scoileanna DEIS agus sa phobal is leithne oideachais. Is mian linn tacú leis an dea-chleachtas a neadú agus nuálaíocht agus cruthaitheacht bhreise a spreagadh ag scoileanna atá ag iarraidh torthaí feabhsaithe dá ndaltaí. Is mian linn go háirithe scoileanna a spreagadh le bheith ag comhoibriú le scoileanna eile ina ngrúpaí agus ina ngréasáin chun an phiarfhoghlaim agus an chomhroinnt taithí a spreagadh.

- **Creat Monatóireachta agus Measúnachta le gur fearr a thógfar eolas maidir le feidhmíocht scoileanna**
  Is gá dúinn eolas a chruinniú ar chleachtas agus ar thorthaí oideachasúla i scoileanna aonair le bonn eolais a thabhairt dár gcinntí maidir le dáileadh acmhainní agus le treo beartais amach anseo maidir leis an míbhuntáiste oideachais. Is gá chomh maith an t-eolas seo a aischur isteach sa chóras scolaíochta agus do sholáthróirí seirbhíse le cabhrú leo feidhmíocht a fheabhsú.

Is ionann an doiciméad seo agus buaic breis agus 18 mí de chomhairliúchán agus de chomhráití le páirtnéirí oideachais agus le páirtithe leasmhara eile lena chinntiú go mbeidh soláthar idirghabhálacha amach anseo bunaithe ar thaithí phraiticiúil múinteoirí, tuismitheoirí, daltaí agus eagraíochtaí neamhrialtais atá ag obair ar son páistí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus a dteaghlach.

Is léir ó na comhairliúcháin agus na comhráití seo, ainneoin go raibh tionchar dearfach ar an iomlán ag tacaíochtaí a cuireadh ar fáil faoin gClár DEIS, nach bhfuil dóthain eolais againn maidir le cad atá ag tarlú i scoileanna aonair agus thart orthu maidir le héifeachtúlacht nó le tionchar idirghabhálacha áirithe. Cuireann sé seo bac ar ár gcumas cinntí eolacha a dhéanamh maidir le hidirghabhálacha áirithe a chur chun tosaigh agus maidir le dáileadh acmhainní ginearálta.

Is gá go mbeidh Creat cuimsitheach Monatóireachta agus Measúnachta ann le tabhairt faoi na bearnaí faisnéise agus sonraí seo, a chruinneoidh eolas faoi Chlár nua Tacaíochta Scoile, agus a dhéanfaidh measúnacht ar gach gné de. Beimid ábalta, de bharr cur chuige píolótach i ngrúpaí de scoileanna, monatóireacht ghéarchúiseach a dhéanamh ar straitéisí nuálacha agus dea-chleachtas a aithint.

Beimid ábalta, de bharr eolais níos fearr faoi, cad a fheabhsaíonn rannpháirtíocht sa scoil agus gnóthachtáil torthaí foghlama níos fearr, tacaíocht níos éifeachtúla a chur ar fáil dóibh siúd is mó atá i mbaol agus plé níos cothroime le scoileanna maidir le dáileadh acmhainní.

Is gá cumarsáid fheabhsaithe a bheith ann chomh maith - i dtaca leis an eolas a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ar fáil do scoileanna, do thuismitheoirí agus do pháirtnéirí eile oideachais, agus i dtaca le conas a roinneann scoileanna eolas lena chéile.

An Creat Beartais

Tá na doiciméid beartais Rialtais seo a leanas ábhartha maidir le dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachasúil agus tugann siad creat don chomhthéacs ina bhfuil Plean DEIS nua á cheapadh:

(i) An Clár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016

Aithníonn an Clár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016 go bhfuil *"an t-oideachas barrthábhachtach maidir le seans cothrom saoil a thabhairt do gach páiste agus is é ár n-uaillmhian go mbeidh deis ag gach páiste maoin nua dár dtír a chruthú agus a roinnt ".*

Ar na saintiomantais agus gníomhartha ón gclár rialtais a bhaineann le míbhuntáiste oideachais, tá:

- Plean nua DEIS a fhoilsiú faoi cheann 12 mhí le fócas faoi leith ar scoileanna DEIS;
- Tá cruthaithe go bhfeabhsaíonn ranganna níos lú, do naíonáin bheaga agus mhóra go háirithe, gnóthachtáil daltaí, go háirithe acu siúd atá faoi mhíbhuntáiste;
- Straitéis nua Críochnaithe Scoile a fhoilsiú a chuirfidh le rátaí críochnaithe scoile;
- An aois éigeantach scoile a ardú go 17 bl;
- Córais mhonatóireachta tinrimh scoile a fheabhsú le dul i ngleic le drochthinreamh i dteaghlaigh áirithe;
- Aistrithe feabhsaithe chun na hoibre nó chuig an mbreisoideachas do lucht fágála scoile óg;
- Seirbhís nua inscoile urlabhra agus teanga a bhunú le tacú le páistí mar chuid de chóras níos imeasctha tacaíochta;
- Infheistíocht in acmhainní breise sa tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) le hidirghabháil níos luaithe agus rochtain ag páistí óga agus ag déagóirí a chinntiú;
- Ciste nua Barr Feabhais Scoileanna (SEF) a bhunú le luach a chur mhodh nua - agus tosaíocht do mholtaí a théann i ngleic le míbhuntáiste oideachais.

(ii) An Plean Gnímh don Oideachas - 2016-2019

Foilsíodh i 2016; leagann an Plean Gnímh don Oideachas 2016-2019 amach treo straitéiseach agus spriocanna na Roinne Oideachais agus Scileanna don chóras oideachais agus oiliúna agus tá fócas láidir ar an soláthar do dhaltaí faoi mhíbhuntáiste tríd an oideachas a úsáid le haghaidh constaicí a shárú do ghrúpaí atá i mbaol eisiaimh.

Leagann an Plean amach cúig Chuspóir ardleibhéil, agus orthu sin tá dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus foghlaimeoirí le sainriachtanais oideachasúla. Tugann an Plean faoi deara go bhfuil dúshláin mhóra ann ainneoin go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh cothroime a chur chun tosaigh. Tá foilsiú Phlean DEIS lárnach maidir le tacaíochtaí agus acmhainní a sholáthar do scoileanna a riarann ar líon dlúth daltaí faoi mhíbhuntáiste. Anuas ar an tiomantas Plean nua DEIS a fhoilsiú, ar na gníomhartha a bhaineann go díreach le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais, tá:

- Tacú le *Aistear* a chur i bhfeidhm, an Creat curaclaim luathbhlianta, agus *Síolta*, an Creat Náisiúnta Cáilíochta do Sheirbhísí Luathbhlianta Páistí;
- Tacú le forbairt an fhórsa saothair taobh istigh den earnáil luathbhlianta;
- An clár náisiúnta Cigireachtaí Luathbhlianta dírithe ar Oideachas (EYEI) a chur i bhfeidhm;
- Leanúint de rátaí coinneála a fheabhsú i Scoileanna DEIS dara leibhéal;
- Feidhmíocht sa Litearthacht agus Uimhearthacht a fheabhsú i scoileanna DEIS;
- Na cláir *Incredible Years* agus *FRIENDS* a chur ar fáil i ngach scoil DEIS nuair a bheidh acmhainní ar fáil;

- Teagmháil dhíreach a dhéanamh le pobail faoi mhíbhuntáiste le buntáistí an ardoideachais a chur chun cinn - agus cur le líon na dTaistealaithe san ardoideachas;
- Rannpháirtíocht san Oideachas Tosaigh Múinteoirí a mhéadú ag sainghrúpaí rochtana;
- Tacaíochtaí airgeadais a mhéadú do mhic léinn iarchéime le béim faoi leith orthu siúd ó theaghlaigh ar ioncam íseal;
- cur chuige comhtháite treo saoil a fhorbairt le dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachais, le ráiteas beartais ar an idirghabháil idir beartais chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais ar fud chontanam an oideachais.

(iii) An Creat Náisiúnta Beartais do Pháistí agus Daoine Óga 2014-2020 - Torthaí níos fearr, Todhchaí níos fearr (BOBF)

Ar na sainghníomhartha i dtaca leis an míbhuntáiste oideachais sna cúig thoradh náisiúnta ag BOBF, tá:

- Straitéisí a thionscnamh a neartaíonn aistrithe tríd an gcóras oideachais;
- Tacú le cláir oiliúna idirdhisciplíneacha agus idirghairme a spreagann ceannasaíocht agus comhoibriú ag gairmithe a oibríonn le páistí agus daoine óga ar fud an tsoláthair seirbhísí;
- Tógáil ar an dea-chleachtas maidir le grúpaí scoileanna a chruthú le gur fearr an teacht ar thacaíochtaí oideachais agus le go spreagfar naisc níos mó idir scoileanna agus seirbhísí pobail agus Stáit;
- Dul i ngleic le saincheisteanna comhroinnte faisnéise thar earnálacha agus córais sonraí a imeascadh níos fearr, go háirithe, nuair is cuí, le tacú le sonraí a úsáid níos fearr le cur le forbairt beartais, pleanála agus seirbhíse;
- A chinntiú go bhfuil an dáileadh acmhainní bunaithe ar fhianaise ar riachtanas agus dírithe ar sheirbhísí agus ar chláir lena bhfuil fianaise éifeachtachta maidir le torthaí a fheabhsú;
- Naisc a neartú idir ranganna réamhscoile agus naíonán ag an mbunleibhéal, go háirithe trí *Aistear* agus *Síolta* a chur ar fáil níos leithne;
- Straitéisí a chur i bhfeidhm leis an rannpháirtíocht scoile a fheabhsú agus le fionruithe, díbirtí, agus luathfhágáil scoile a laghdú;
- An Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol (2011-2020) a chur i bhfeidhm;
- Deiseanna a chur ar fáil do lucht fágála scoile go luath a bheith rannpháirteach sa bhreisoideachais agus san oiliúint;
- Beartais ionchuimsithe shóisialta a neartú agus iarracht as an nua a dhéanamh torthaí oideachais a fheabhsú i measc grúpaí áirithe;
- An Straitéis Náisiúnta Imeasctha Taistealaithe/Romach a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh uirthi, le béim faoi leith ar rannpháirtíocht na Romach san oideachas.

Rud eile a bhaineann leis an bpróiseas Athbhreithnithe is ea an cur chuige saoil agus an Plean Náisiúnta don Ionchuimsiú Sóisialta, 2007-2016 agus Moladh Choimisiún na hEorpa ar 'Infheistíocht i bPáistí: Timthriall Míbhuntáiste a Bhriseadh' mar chuid den Phacáiste Infheistíochta Sóisialta.

An méid atá bainte amach cheana ag DEIS

Baineann Plean seo DEIS le tógáil ar an méid atá bainte amach cheana ag scoileanna ó tugadh isteach an clár DEIS (Delivering on Equality of Opportunity in Schools) i 2005.

Tá méadú tagtha ar rátaí uimhearthachta agus litearthachta, coinneála scoile, agus dul chun cinn chuig an mbreis- agus chuig an ardoideachas do dhaltaí ó scoileanna DEIS. Leag tionscnaimh nuálacha DEIS, ar nós na pleanála scoile, an bealach amach do struchtúir pleanála agus féinmheasúnaithe sa phobal scolaíochta is leithne. Tá de chuspóir againn tógáil orthu seo agus ar mhíreanna dearfacha eile den chlár le scoileanna a spreagadh a thuilleadh agus a ndúshlán a thabhairt feabhsú níos mó arís.

Tá measúnachtaí déanta ag an Ionad Taighde Oideachais (ERC) agus ag Cigireacht ROS ar ghnéithe de chlár DEIS agus tá torthaí na hoibre seo le fáil i sraith tuairiscí a foilsíodh ó bhí 2009 ann.

Tá fianaise shoiléir ann ón taighde a rinneadh go dtí seo go bhfuil tionchar dearfach ag clár DEIS ar dhul i ngleic le míbhuntáiste oideachais.

- Léiríodh i dtaighde a rinne an ERC i scoileanna uirbeacha DEIS i 2007, 2010 agus 2013 go bhfuil feabhsú leanúnach iomlán ar leibhéil matamaitice agus léimh daltaí.

- Léiríonn measúnachtaí ar fheidhmíocht scoileanna tuaithe DEIS sa léamh agus sa mhatamaitic go bhfeidhmíonn na scoileanna seo i gcásanna áirithe níos fearr ná scoileanna eile tuaithe, ag an leibhéal céanna lena gcómhaithe i scoileanna eile uirbeacha nach scoileanna DEIS iad.

- Léiríonn measúnú an ERC ar thionchar DEIS ag an iar-bhunleibhéal go bhfuil claonadh spreagúil ann maidir le gnóthachtáil agus le coinneáil daltaí araon. Tá claonadh suntasach suas ó 2009 ar aghaidh i leibhéil iomlána gnóthachtála sa Bhéarla agus sa Mhata araon ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh.

- Léiríonn taighde a rinne Cigireacht ROS go bhfuil tromlach na scoileanna gafa anois le pleanáil éifeachtach don fheabhsú. Déanann tromlach bunscoileanna pleanáil éifeachtach don fheabhsú i dtaca le téamaí DEIS ar nós tinrimh, litearthachta, uimhearthachta agus comhpháirtíocht le tuismitheoirí. Déanann tromlach iar-bhunscoileanna pleanáil éifeachtach i dtaca le tinreamh, coinneáil agus dul chun cinn, litearthacht agus comhpháirtíocht le tuismitheoirí. Nuair atá cur chuige scoile uile, bunaithe ar fhianaise ag scoileanna maidir le litearthacht a fheabhsú, go háirithe ag an mbunleibhéal, tá feabhsú le feiceáil ar ghnóthachtáil daltaí.

Léiríonn *Retention Rates of Pupils in Second Level Schools 2009 Entry Cohort* (Iúil 2016) de chuid ROS go bhfuil an feabhsú ar rátaí coinneála a fhad leis an Ardteistiméireacht níos airde ná an feabhsú iomlán náisiúnta - méadú ó 68.2% i 2001 go 82.7% i 2016. (81% agus 90% na rátaí náisiúnta) Is é 94.3% na rátaí comhfhreagracha do Scoileanna DEIS ag an Teastas Sóisearach, in aghaidh norm náisiúnta 96.7% .

Mar sin féin, léirítear sa taighde go bhfuil an fheidhmíocht iomlán i scoileanna DEIS níos ísle i gcónaí ná an meán náisiúnta, rud a thugann le fios go bhfuil tacaíochtaí leanúnacha de dhíth le tógáil ar an méid atá bainte amach. Agus seo ar siúl againn, díreoimid ar scoileanna inar dlúithe an líon daltaí atá i mbaol míbhuntáiste.

Tá an réasúnaíocht maidir le dáileadh acmhainní agus tacaíochtaí ar scoileanna i dtaca le dlús an mhíbhuntáiste iontu bunaithe ar 'thionchar iolraíoch', faoina mbíonn torthaí acadúla níos measa ag daltaí a fhreastalaíonn ar scoil ina bhfuil líon dlúth daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, beag beann ar chúlra sóisialta aonair. Tugann taighde ón ERC agus on ERSI le fios go bhfuil fianaise láidir in Éirinn go bhfuil impleachtaí le meascadh aicmeach scoile, rud a thugann réasúnaíocht maidir le tús áite a thabhairt do scoileanna a riarann orthu siúd ó na cúlraí socheacnamaíocha ísle. Bíonn leibhéil níos ísle gnóthachtála ag daltaí i scoileanna le líon dlúth piaraí ó chúlraí níos ísle socheacnamaíocha ná mar a bhíonn acu siúd i scoileanna ina bhfuil daltaí a bhfuil buntáiste eacnamúil acu, nuair a bhíonn gach rud eile cothrom. Tá fianaise láidir ann ar éifeacht den saghas seo in iar-bhunscoileanna DEIS agus i scoileanna uirbeacha DEIS, Banda 1 go háirithe.

Cuspóir 1 Creat Measúnaithe níos láidre a chur i bhfeidhm le scoileanna a shainaithint agus le haghaidh dáileadh níos fearr acmhainní

Scoileanna a Shainaithint

Tionscnaíodh dhá chur chuige éagsúla i bpróiseas 2005 le haghaidh scoileanna a shainaithint, i ngeall ar easpa sonraí lárnacha a bheith ar fáil san am sin. Tá forbairtí ó shin ann i leith sonraí ar coinneáil ag an Lár-Oifig Staidrimh (CSO) agus ag ROS a chiallaíonn gur féidir anois córas níos láidre a fhorbairt atá solúbtha go leor le riar ar athruithe ar phróifíl scoileanna a bhfuil súil leo agus nach bhfuil. Úsáidfear próiseas aitheanta a úsáideann sonraí CSO faoi Cheantair Bheaga mar atá léirithe in Innéacs Haase Pratschke na Díothachta (Innéacs HP), i gcumasc le sonraí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile a chuirfidh scoileanna ar fáil, mar bhunús le Creat Nua Measúnaithe le haghaidh scoileanna a shainaithint agus cabhrú le dáileadh acmhainní.

Bíonn an tInnéacs HP in úsáid níos minice ag Ranna Rialtais agus ag Gníomhaireachtaí le hacmhainní a dháileadh níos éifeachtaí - cuir i gcás Ranna Sláinte, Leanaí agus Gnóthaí Óige, cláir Pobal, Tusla, BIM, LEADER agus RAPID, Conair Rochtana ar Ard-Oideachas (HEAR) agus Tascfhórsaí ar Alcól agus ar Dhrugaí. Meastar gurb é an modh is éifeachtaí é le scoileanna aonair a shainaithint i dtaca le déimeagrafaic shocheacnamaíoch a gcuid daltaí i gcomhthéacs dáileadh acmhainní breise le déileáil le míbhuntáiste oideachais. Díreoidh sé go sonrach ar dholúbthacht reatha an chórais nuair nach féidir measúnacht leanúnach a dhéanamh ar scoileanna le riar ar dhéimeagrafaic athraitheach agus cúinsí eile.

Bua amháin atá ag an modheolaíocht nua is ea gur féidir scoileanna a mheasúnú le sonraí neamhspleácha, agus nach mbeidh ar scoileanna cur isteach ar mheasúnú ó tá na sonraí riachtanacha ar fáil cheana ag an ROS.

Ciallaíonn sofhreagracht na modheolaíochta seo gur féidir minicíocht iarratais mar atá thíos a bheith ann:

- Próiseas aitheanta tosaigh a chur i bhfeidhm do gach bunscoil agus iar-bhunscoil;
- Ina dhiaidh sin nuashonrú bliantúil ar an mbunachar sonraí i dtéarmaí bhailiú sonraí ROS, POD agus PPOD. Beidh cead mar sin coigeartú a dhéanamh, más gá, nuair a bhíonn athrú suntasach ar phróifíl dhéimeagrafach scoile;
- Nuashonrú gach cúig bliana, ag teacht le forbairt an Innéacs HP tar éis gach Daonáirimh Náisiúnta;
- Is féidir scoileanna nua/cónasctha a mheasúnú sula mbunaítear/gcónasctar iad ar bhonn sonraí clárúcháin.

Beidh gá le teagmháil a dhéanamh le roinnt scoileanna aonair nuair a bhíonn cúinsí i gceist ar nós suímh, méid na scoile, agus ró-ionadaíocht ag grúpaí ar leith. Beidh próiseas dearbhaithe ann chomh maith inar féidir le scoileanna cruinneas na sonraí atá in úsáid a dheimhniú.
Moltar freisin teagmháil le páirtnéirí oideachais agus le páirtithe leasmhara eile, an pobal taighde san áireamh, chun an mhodheolaíocht nua shainaitheanta a chomhroinnt agus a phlé.

Nuair a bheidh an mhodheolaíocht nua shainaitheanta curtha i bhfeidhm den chéad uair, socrófar dearbhú neamhspleách agus piarbhreithniú. Beidh an mhodheolaíocht nua seo do shainaithint scoileanna ina mír thábhachtach de Chreat Monatóireachta agus Measúnachta an Phlean agus mar sin beidh sí faoi réir ag an luacháil leanúnach lena chinntiú go bhfuil sí ag baint úsáide as na hathróga sin is fearr a dhéanann tuar ar an mbaol míbhuntáiste sóisialta. D'fhonn tacú leis an gcleachtas is fearr ó thaobh na bpróiseas aitheanta agus acmhainní a dháileadh, leanfaidh an Grúpa Teicniúil leis, a bunaíodh faoin bPróiseas Athbhreithnithe DEIS, á fhorlíonadh mar is gá ag saineolas sonraí agus ag taighde breise.

Ainneoin go meastar gur feabhas suntasach ar an gcóras a úsáideadh i 2005 í an mhodheolaíocht nua seo, ó thaobh míbhuntáiste socheacnamaíoch a mheas, aithnítear go mbeidh obair bhreise de dhíth lena cur i bhfeidhm a dhéanamh níos tréithiúla maidir le hacmhainní a dháileadh. Éascóidh an próiseas céimnithe i leith dáileadh acmhainní an anailís leanúnach fhiosraithe is gá le haon athruithe a mheas ba ghá lena chruinneas a fheabhsú.

Dáileadh Acmhainní

Beidh tionchar ag sonraí feabhsaithe ROS maidir le déimeagrafaic scoileanna ní hamháin ar shainaithint scoileanna don chlár, ach ar acmhainní áirithe a chur in oiriúint le riar ar riachtanais shainaitheanta. Cuirfidh an próiseas nua measúnaithe molta bonn eolais faoin dáileadh acmhainní i gcomhthéacs an tsuímh (uirbeach/tuaithe), méid na scoile, ró-ionadaíocht ag grúpaí áirithe ar nós Taistealaithe agus daltaí a bhfuil gá acu le soláthar Béarla mar Theanga Bhreise (EAL). Cuirfear san áireamh faisnéis atá ar fáil don Roinn ar acmhainní iomlána atá ar fáil do scoileanna aonair, iad siúd atá maoinithe ag Ranna agus ag gníomhaireachtaí eile san áireamh. Ciallaíonn sé seo gur féidir anois díriú níos fearr ar shainriachtanais scoileanna ar bhonn leanúnach seachas mar atá, nuair nach féidir coigeartú a dhéanamh ar an réimse ná ar an leibhéal tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna mar mhacalla ar athruithe déimeagrafacha nó eile a imríonn tionchar ar an mbaol míbhuntáiste oideachais.

Thug Buiséad 2017 €5m sa bhliain sa bhreis ar an dáileadh reatha DEIS, €97m do 2017 - rud is ionann agus luach €15m thar an mbliain iomlán. Ceadóidh an leibhéal maoinithe seo do scoileanna nua páirt a ghlacadh i gClár Tacaíochta Scoileanna trí dháileadh céimnithe tacaíochta chomh maith le roinnt tionscnamh píolótach a chruthú do ghrúpaí scoileanna le haghaidh tástáil a dhéanamh ar idirghabhálacha éifeachtacha agus fianaise a sholáthar don dáileadh acmhainní amach anseo.

Tá ár bplean bunaithe ar an mbonn gur gá acmhainní breise a shaindíriú ar na mic léinn ar mó a riachtanas, má táthar le dícheall tionchair a bheith againn ar dheiseanna a chur ar fáil do na daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste.

Aithníonn an tsamhail nua go bhfuil líon scoileanna ann i gceantair faoi mhíbhuntáiste, nach bhfuil faoi DEIS faoi láthair, ar mó a leibhéal míbhuntáiste ná lear mór scoileanna atá faoi DEIS cheana, agus táimid ag beartú, mar chéad chéim, na scoileanna úd a chuimsiú sa Chlár Tacaíochta Scoileanna.

Leanfar cur i bhfeidhm na samhla oibiachtúla bunaithe ar shonraí atá leagtha amach sa phlean seo, le clár breise oibre a chruthóidh samhail níos dinimiciúla inar chruinne a leanfaidh leibhéil acmhainní na leibhéil a aithnítear sa tsamhail sin.

Leis sin a bhaint amach, déanfar an clár oibre seo a leanas, i gcomhar le páirtithe leasmhara:

- Is gá an tsamhail a dhéanamh níos tréithí, agus i ngeall ar fháthanna airgeadais agus lóistíochtúla, cuirfear i bhfeidhm an cur chuige tréimhseach céimnitheach seo a leanas i dtaca le dáileadh acmhainní de:

  - Go luath i 2017 déanfar measúnú ar gach scoil maidir lena ndéimeagrafaic shocheacnamaíoch, ag úsáid an Chreata nua Measúnaithe;

  - Ó Mheán Fómhair 2017, cuirfear síneadh le tacaíochtaí faoin gClár Tacaíochta Scoileanna ar bhonn tréimhsiúil do na scoileanna sin nach bhfuil na tacaíochtaí sin acu cheana agus ar aithníodh an líon is dlúithe iontu de dhaltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais;

  - Déanfar anailís fhiosraithe bhreise le scrúdú a dhéanamh ar athróga eile arb eol iad a bheith mar thuar cruinn ar an míbhuntáiste oideachais i gcomhthéacs acmhainní a dháileadh.

- Déanfar obair le meas a dhéanamh ar chóras níos oiriúnaithe a dhearadh maidir le dáileadh acmhainní, a mbeidh gráid míbhuntáiste aitheanta ann, agus a ndáilfear acmhainní dá réir ag freagairt do riachtanais na scoileanna aonair;

- Cuirfear i bhfeidhm Creat Monatóireachta agus Measúnachta, a fheabhsóidh an trédhearcacht agus a shocróidh cé na hidirghabhálacha ar mó a dtionchar maidir le torthaí níos fearr a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí;

- Déanfar athbhreithniú i ndeireadh na bliana acadúla 2017/2018 lena scrúdú cén chaoi ar oibrigh an tsamhail nua don dáileadh acmhainní;

- Is é an cuspóir i ndiaidh na hoibre seo, go gcríochnófar samhail dáileadh acmhainní 2018 agus mar sprioc aici acmhainní a mheaitseáil níos cruinne le riachtanais a sainaithníodh i scoileanna aonair.

Agus seo a sholáthar, is gá bheith aireach go bhfuil athruithe déimeagrafacha ar siúl ar mó iad i gceantair áirithe seachas a chéile. Tá athrú suntasach ar dhaonraí i gceantair ó rinneadh luacháil ar an liosta scoileanna reatha atá faoi DEIS. Seans go léireoidh an tsamhail nua go bhfuil leibhéal míbhuntáiste i scoileanna DEIS atá níos ísle ná scoileanna nach bhfuil faoi DEIS. Más amhlaidh a bheidh, is gá a mheas cé acu atá sé cothrom nó nach bhfuil, na scoileanna seo leanúint de na hacmhainní breise seo a fháil, ag ídiú acmhainní a d'fhéadfaí a dháileadh níos cothroime ar scoileanna ar mó na leibhéil míbhuntáiste iontu.

Is rún go mbeidh ailíniú acmhainní teagaisc a dháileadh ar scoileanna níos éasca i ngeall ar an gcur chuige céimnitheach maidir le míreanna de Phlean nua DEIS a thabhairt isteach - agus acmhainní san áireamh atá tugtha cheana do Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) agus DEIS.

Leathnófar an bunachar sonraí a rinneadh le tacú leis an tsamhail mheasúnaithe le go n-áireofar ann faisnéis ar scoileanna aonair maidir le tacaíochtaí ROS agus leo siúd a thugann Ranna agus Gníomhaireachtaí eile, chomh maith le hEagraíochtaí Neamh-Rialtais agus eagraíochtaí eile a fhaigheann maoiniú ón Stát.

Is é an bhunteachtaireacht thuas ná go bhfuilimid ag bogadh ón gcóras righin dolúbtha le haghaidh scoileanna a aithint agus acmhainní a dháileadh a bhí ar bun go dtí seo. Amach anseo, feicfidh scoileanna a gheobhaidh tacaíocht faoin gClár Tacaíochta Scoileanna DEIS bogadh níos mó sa réimse agus sna leibhéil tacaíochtaí a fhaigheann siad de réir mar a dhéanfar iad seo a mheaitseáil le riachtanas a sainaithníodh i measc a gcuid daltaí.

Tá sonraí na scoileanna atá rannpháirteach faoi láthair sa Chlár Tacaíochta Scoileanna ar fáil ar shuíomh idirlín ROS ag - http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/DEIS-Delivering-ERuality-of-Opportunity-in-Schools-/ Déanfar nuashonrú ar na liostaí seo go rialta le hathruithe amach anseo a chur san áireamh.

Faoi láthair, tá 826 scoil páirteach sa chlár (641 bunscoil agus 185 iar-bhunscoil) a fhreastalaíonn ar 170,000 dalta. Is é €97.2m costas reatha an Chláir don ROS. Úsáidtear é seo le cóimheas múinteoir-dalta a fheabhsú i ranganna, maoiniú breise a chur ar fáil agus seirbhís naisc Baile-Scoile a chur ar fáil sna scoileanna sin. Tá caiteachas breise ann ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a fhágann go bhfuil caiteachas iomlán ar thacaíochtaí breise a chur ar fáil do scoileanna le tabhairt faoin míbhuntáiste oideachais is geall le timpeall €161 milliún. Bunaithe ar an dáileadh reatha buiséid, beidh €112 milliún ar fáil i 2018 le haghaidh maoiniú breise, acmhainní múinteoireachta agus tacaíochtaí eile do scoileanna DEIS.

Tá sonraí an Chláir Tacaíochta Scoileanna ar fáil in Aguisín 1.

Cuspóir 1

Cuspóir 1.1 –Creat Nua Measúnaithe a Chur i bhFeidhm			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag:
1	Samhail nua sainaitheanta a chur i bhfeidhm ar gach scoil le próifíl shocheacnamaíoch a dhéanamh ar gach grúpa daltaí.	R1 2017	ROS
2	Scoileanna a aithint inar dlúithe an líon daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste sóisialta.	R1 2017	ROS

Cuspóir 1.2 –Samhail Nua do Dháileadh Acmhainní DEIS a chur i bhFeidhm			
3	Tosú ar thacaíochtaí SSP a shíneadh do na scoileanna nach bhfuil ag fáil na tacaíochta sin cheana agus a n-aithnítear iontu an líon is dlúithe daltaí ar mó a mbaol bheith faoi mhíbhuntáiste.	R3 2017	ROS
4	Samhail nua dáileadh acmhainní a fhorbairt le haghaidh cur isteach ag gach scoil SSP le córas níos oiriúnaithe dáileadh acmhainní a chur san áireamh, inar mó an líon grád a sainaithníodh agus ina ndáilfear acmhainní dá réir ag freagairt do riachtanais na scoileanna aonair.	R1 2018	ROS
5	Anailís bhreise fhiosraithe a dhéanamh le scrúdú a dhéanamh ar athróga eile arb eol iad a bheith mar thuar láidir ar mhíbhuntáiste oideachais i gcomhthéacs dáileadh acmhainní.	R2 2017	ROS, ERC, comhpháirtithe oideachais, Tusla

Cuspóir 1.3 –Modheolaíocht Sainaitheanta a Uasghrádú			
6	Sainfheidhm anailíse sonraí ROS a cheapadh le tacú le próisis aitheanta agus dáileadh acmhainní, agus le teacht leis na riachtanais leanúnacha anailíse sonraí ag an SIU agus ag an chigireacht i gcomhthéacs an Chreata Nua Monatóireachta agus Luachála.	R1 2017	ROS
7	Innéacs HP a nuashonrú le sonraí SAP Dhaonáireamh 2016 a chur san áireamh .	5 bliana le teacht le sceideal eisithe sonraí an CSO	ROS
8	Sonraí POD/PPOD a nuashonrú.	Bliantúil	ROS

Cuspóir 2 Eispéireas Foghlama Daltaí i Scoileanna DEIS a fheabhsú

Tacaíochtaí do Scoileanna

Is iomaí riocht ina mbíonn tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna atá rannpháirteach sa Chlár Tacaíochta Scoileanna - cúnamh breise airgeadais, íocaíochtaí feabhsaithe deontais, acmhainní breise teagaisc, tacaíochtaí iompair agus síceolaíochta, rochtain ar theagmhálaí baile-scoile agus ar chláir Críochnaithe Scoile agus tús áite ar Scéimeanna Béilí Scoile. Is é cuspóir na dtacaíochtaí seo ná cur le torthaí teagaisc agus foghlama i scoileanna DEIS le gur féidir le páistí agus daltaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste teacht ar oideachas, bheith rannpháirteach ann agus leas a bhaint as.

D'aithin an Próiseas Athbhreithnithe DEIS roinnt réimsí barrthábhachtacha maidir le feabhsú i dtaca le tacaíochtaí saindírithe do scoileanna DEIS:

- Tacaíocht le Dea-Chleachtais agus Nuálaíocht - an gá le tacú leis an dea-chleachtas a neadú agus nuálaíocht agus cruthaitheacht a spreagadh i scoileanna;
- Pleanáil Scoile - fócas as an nua ar shocrú spriocanna agus leagan amach cuspóirí a nascann úsáid acmhainní breise le haschur agus le torthaí;
- Aeráid na scoile - fócas as an nua ar Threoir ROS maidir le tromaíocht agus le cóid iompair;
- Tacú le haistrithe thar chontanam an oideachais - ón réamhscoil, inar eochairchéim é an t-ullmhúchán scoile, a fhad leis an mbreis- agus an ardoideachas agus an oiliúint;
- Tacaíochtaí don litearthacht agus don uimhearthacht - iarracht as an nua faoin Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta dul i ngleic le leibhéil ghnóthachtála i scoileanna DEIS;
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) - cur leis an leibhéal reatha seirbhíse le cur le soláthar an réimse iomlán tacaíochta do dhaltaí agus do mhúinteoirí i scoileanna SSP;
- Tacaíochtaí Iompair - faoin gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus an tSeirbhís bheartaithe Tacaíochta Ionchuimsithe a chlúdóidh Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna;
- Tacaíocht le grúpaí leochaileacha - fócas as an nua ar bheartais le feabhas a chur ar thinreamh, ar rannpháirtíocht agus ar choinneáil taistealaithe, Romach agus daltaí eile a bhíonn i mbaol droch-rannpháirtíochta san oideachas agus luathfhágáil scoile;

Is é rún an phlean seo athruithe a sholáthar ar bhealach córasach a chuirfeadh feabhas ar na réimsí sin bliain ar bhliain, i bpróiseas ina ndéantar teagmháil le páirtithe leasmhara i gcomhairliúchán agus measúnú ar thionchar tionscnamh.

Ar na réimsí tábhachtacha a aithníodh i gcóir feabhas san obair thras-earnála, tá:

- **Luathbhlianta** - ina spreagfar teagmháil níos fearr idir socrúcháin réamhscoile agus scoileanna DEIS;
- **Cosc agus Luath-Idirghabháil** - sá chás go bhfuil spás ann chun an fhoghlaim a phríomhshruthú ón gClár Cosc agus Luath-Idirghabhála (PEIP) agus Clár ABC;
- **Seirbhísí Leasa Oideachasúil** - sa chás gur le leas Tusla agus Scoileanna araon, samhail imeasctha soláthair seirbhíse a bheith ann;
- **Soláthar Áitiúil Seirbhísí** - sa chás go bhfuil spás suntasach ann chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse do scoileanna tríd an gcomhoibriú idir, mar shampla, Coistí Áitiúla Forbartha Pobail (LCDC), Coistí Seirbhísí Daoine Óga (CYPSC), Tionscadail Chríochnaithe Scoile (SCP), Comhpháirtíocht Choisc agus Tacaíocht Teaghlaigh (PPFS), Meitheal, Seirbhísí Óige;
- **Teiripe Inscoile Urlabhra agus Teanga** - sa chás go mbeidh soláthar na coimitminte Cláir Rialtais seo ina chuidiú mór le scileanna urlabhra agus le torthaí iomlána foghlama;
- **Béilí Scoile** - sa chás go mbeidh teagmháil idir Tusla agus na Ranna Coimirce Sóisialaí; Leanaí agus Gnóthaí Óige; Sláinte; Tithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil; agus Oideachais agus Scileanna, mar chabhair le feabhas a chur ar sholáthar scéimeanna Béilí Scoile amach anseo.

Tacaíocht le Litearthacht agus Uimhearthacht

Aithníodh i mbeartais náisiúnta ar nós Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Fearr: an Creat Náisiúnta Beartais do Pháistí agus Daoine Óga (2014-20) gur bunchlocha iad forbairt scileanna maithe litearthachta agus uimhearthachta, litearthacht dhigiteach agus scileanna cainte san áireamh, maidir le deiseanna saoil gach duine aonair agus go bhfuil siad riachtanach maidir le cáilíocht agus le cothroime na sochaí. Cuimsíonn an Clár Tacaíochta Scoileanna DEIS réimse beartas le tacú le Litearthacht agus Uimhearthacht a chuir leis an bhfeabhas iomlán sa réimse seo go dtí seo.

De réir torthaí ó luacháil an Chláir DEIS tá gnóthachtáil sa léamh agus sa mhatamaitic, go háirithe i scoileanna Banda 1, níos ísle i gcónaí na scoileanna eile, cé go bhfuil an bhearna ag laghdú. D'aibhsigh an Tuairisc Feidhmíochta ó na Measúnachtaí Náisiúnta Léamh an Bhéarla agus Mhatamaitic NAERM 2014 an bhearna atá ann idir scoileanna uirbeacha Banda 1 DEIS agus daltaí i scoileanna eile sa léamh agus sa mhatamaitic. (Tá feidhmíocht i scoileanna tuaithe Banda 2 DEIS nach mór mar an gcéanna leis an meán náisiúnta, agus tá feidhmíocht i mbunscoileanna DEIS Banda 2 feabhsaithe go mór de réir na Measúnachtaí Náisiúnta a rinneadh i 2014).

Caithfidh gach scoil monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá siad a dhéanamh i dtaca leis na cuspóirí ata leagtha síos acu maidir le litearthacht agus uimhearthacht mar chuid dá bpróiseas SSE. D'ullmhaigh an tAthbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta ar an Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol, tacar spriocanna atá saindírithe ar DEIS maidir le litearthacht agus uimhearthacht a riarann ar an líon is dlúithe de dhaltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste shóisialta, le fócas a choinneáil ar an mbearna a laghdú idir scoileanna DEIS agus scoileanna eile. Is cóir do scoileanna na spriocanna seo a chur san

áireamh agus iad ag díriú ar an litearthacht agus an uimhearthacht a fheabhsú, agus an dea-chleachtas mar bhonn eolais leis sin.

Cuspóir 2

Cuspóir 2.1 – Tacaíocht le Litearthacht agus Uimhearthacht			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag
9	Gníomhartha a chur i bhfeidhm a éiríonn as an Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta ar Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 a thosóidh i ngach scoil SSP.	R3 2017	ROS
10	De réir na dTreoracha faoi Fhéinmheastóireacht Scoile, is cóir do scoileanna SSP, sa chéad athbhreithniú eile ar a bPlean Scoile, spriocanna sainiúla, intomhaiste, indéanta, réalaíocha a leagan amach, a bhfuil am teoranta leo, ar a n-áirítear spriocanna litearthachta agus uimhearthachta, FGL, ceannaireacht, freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil, agus iad a mheasúnú ar bhonn bliantúil.	R4 2017	Scoileanna
11	An Straitéis Náisiúnta ar Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 a chur i bhfeidhm agus Tuarascáil an Athbhreithnithe Eatramhaigh uirthi i scoileanna DEIS a bheith mar fhócas faoi leith sa Chreat Monatóireachta agus Measúnaithe DEIS/SSP.	R3 2017	ROS
12	Tacú le cur i bhfeidhm shainspriocanna DEIS a forbraíodh i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta ar Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 trí thacaíochtaí cuí forbartha gairmiúla a chur ar fáil do mhúinteoirí.	R4 2017	ROS
13	Is cóir do scoileanna a chinntiú go meastar úsáid clár breise Litearthachta agus Uimhearthachta ar bhonn riachtanas a aithníodh agus ar ailíniú le beartas agus le cleachtas ROS maidir le foghlaim agus le múineadh sa réimse seo.	R4 2017	Scoileanna
14	Scoileanna le caidrimh éifeachtacha oibre a chothú le tuismitheoirí agus le pobail chun	R4 2017	Scoileanna

	tacú le foghlaim agus deiseanna a chruthú don trasfhoghlaim le leas gach scoil SSP.		

Tacaíocht le páistí nach bhfuil an Ghaeilge ná an Béarla mar chéad teanga acu

Tá riachtanais daltaí 'Béarla mar Theanga Bhreise' (EAL) mar ábhar do shainghníomh sa Straitéis Náisiúnta ar Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020. Léiríonn torthaí ó NAERM 2014 agus ó PISA 2015 gur ísle a fheidhmíonn na mic léinn seo ná daltaí eile i léamh an Bhéarla. Tá tábhacht faoi leith le tacaíochtaí don ghrúpa seo i gcomhthéacs scoileanna DEIS mar go riarann siad ar líon mór páistí nach bhfuil an Béarla ná an Ghaeilge mar chéad teanga acu. Is ionann agus réimsí eile, tá gá le sonraí feabhsaithe le cuidiú lena chinntiú go bhfuiltear ag riar ar riachtanais oideachais na ndaltaí seo.

Cuspóir 2.2 –Tacú le hImeascadh agus le Béarla mar Theanga Bhreise			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag
15	Ba chóir soláthar EAL ag an dara leibhéal a athbhreithniú d'fhonn riachtanas reatha oideachasúil a mheas, go háirithe maidir le litearthacht léimh.	R4 2017	ROS
16	Déanfar socruithe le haghaidh sonraí ionchur, aschur agus torthaí EAL a chruinniú i ngach scoil, le béim faoi leith ar sholáthar i scoileanna inar dlúithe an líon daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste lena mheas cé acu atáthar ag riar ar a riachtanas nó nach bhfuiltear.	R4 2017	ROS

Tacaíochtaí Airgeadais

Ó bhí 2005 ann, tá maoiniú breise curtha ar fáil do scoileanna atá rannpháirteach sa SSP ar an mbonn nach bhfuil an acmhainn chéanna bailithe airgid ag na scoileanna seo, bíodh sin ó thuismitheoirí, nó ina bpobail áitiúla féin. Moltar leanúint de bheith ag tacú le scoileanna ar an mbonn seo don am i láthair, agus béim as an nua a chur ar conas is féidir an maoiniú seo a úsáid go héifeachtach le dícheall tionchair a bhaint as.

Cuspóir 2.3 – Tacaíochtaí Airgeadais			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag:
17	Cúnamh deontais a leithdháileadh ar scoileanna atá rannpháirteach sa SSP.	Bliantúil	ROS
18	Íocaíochtaí le scoileanna a éascú - maoiniú breise amach anseo do scoileanna SSP a imeascadh le híocaíochtaí iomlána caipitíochta do scoileanna.	R4 2017	ROS
19	Treoirlínte nuashonraithe a chur chuig scoileanna i dtaca le húsáid chuí maoiniú breise a tugadh faoin SSP - lena chinntiú go bhfuil an t-ionchur nasctha leis an aschur agus le sonraí a ghiniúint ar leithdháileadh acmhainní.	R3 2017	ROS
20	Scéim Leabhar ar Cíos a oibriú a bheith éigeantach i scoileanna rannpháirteach sa SSP.	R3 2017	ROS
21	Meicníochtaí a fhorbairt le measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise Digití do Scoileanna 2015-2020 i scoileanna ina bhfuil leibhéal dlúth míbhuntáiste, i gcomhthéacs an riachtanais go ndéanfaidh an Straitéis measúnú ar imeascadh TEC ag leibhéal na scoile. Beifear ag tuairisciú orthu seo faoin gCreat Monatóireachta agus Measúnachta.	R4 2020	ROS

Tacú le Dea-Chleachtas agus Nuálaíocht

Tá a fhios againn ó luacháil an chláir go dtí seo gur gnóthaíodh dea-thorthaí foghlama trí réimse dea-chleachtais ar nós scoileanna DEIS a chur ina ngréasáin, cláir shamhlaíocha le feabhas a chur ar theagmháil le tuismitheoirí agus le gnólachtaí sa phobal agus eagraíochtaí pobail eile. Tá an fás ar sholáthar luathbhlianta, agus baint scoileanna DEIS le comhoibrithe le PEIP, ABC agus le tionscnaimh eile, in éineacht le taithí iomlán SSP an DEIS a chur i bhfeidhm ó 2006, tar éis réimse luath-idirghabhálacha a shainaithint ar féidir leo tionchar mór a imirt ar ullmhúchán don scoil agus ar dhul chun cinn rathúil do na daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.

Moltar cur chuige píolótach a ghlacadh le hidirghabhálacha éifeachtacha a shainaithint agus lena fhiosrú conas a bhain siad siúd agus cruthaitheacht bhreise maidir le teagasc agus foghlaim agus tacaíochtaí eile úsáid níos éifeachtaí as na hacmhainní a cuireadh ar fáil do scoileanna le torthaí maithe oideachasúla a bhaint amach.

Ar na réimsí píolótacha atáthar a mheas, tá:

- Dícheall feidhme a bhaint as an dea-chleachtas, bunaithe ar cad iad na hidirghabhálacha atá éifeachtach maidir le riar ar riachtanais daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais;
- Caidrimh le heagraíochtaí pobail áitiúla agus le gnólachtaí a fhorbairt agus tógáil orthu chun tacú le hobair scoileanna, soláthar roimh scoil agus ina diaidh san áireamh
- Grúpaí beaga scoileanna a chruthú ar bhonn straitéiseach i gceantar ar mór an míbhuntáiste iontu
- Scoileanna a nascadh le tacaíochtaí agus le hacmhainní atá sainoiriúnaithe dá riachtanas, tríd an mbróicéireacht aonair agus trí dhúshlán a thabhairt go dearfach;
- Tacú le scoileanna le feabhas leanúnach a chur ar an tseirbhís a chuireann siad ar fáil dá ndaltaí;
- Ceannaireacht scoile a fheabhsú agus múinteoirí a chumasú níos fearr le riar ar riachtanais daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste;
- Acmhainn teagaisc a fheabhsú maidir le riar ar riachtanais daltaí a mbíonn dúshláin acu i dtaca le sláinte mheabhrach agus folláine
- Feabhas a chur ar theagmháil tuismitheoirí agus a rannpháirtíocht i bhfoghlaim daltaí;
- Tacú le haistrithe ar fud chontanam an oideachais;

Tabharfar tús áite do mholtaí ó scoileanna a fhreastalaíonn ar na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste i gceantair lár cathrach.

Is rún go soláthrófar cláir phíolótacha trí Chiste Barr Feabhais Scoile (SEF), ar tiomantas Cláir Rialtais é atá le feidhmiú faoi Phlean DEIS, arna dhearadh le tacú le cur chuige nua i dtaca le torthaí foghlama a sholáthar.

Is tionscnamh é an SEF ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuirfidh ar chumas scoileanna cur isteach ar mhaoiniú le cláir nuálacha a chur i bhfeidhm atá dírithe ar chomhthéacs agus ar thorthaí foghlama a leasú. Tá rochtain ar an SEF deartha lena chinntiú gur féidir cuid de na constaicí a bhaint anuas a ndeir foireann scoileanna a bheith ina mbacainní ar an bhfeabhsú.

Agus an SEF á bhunú, tá sprioc ag an ROS cleachtas nuálach a spreagadh agus luach a chur leis i scoileanna trí chuid de na constaicí a bhaint anuas a ndeir scoileanna a go gcuireann siad bac ar an dul chun cinn. Tá de chuspóir aige freisin dul i ngleic leis na moltaí tábhachtacha a rinneadh i dtuarascálacha *Looking at Action Planning for Improvement in DEIS Primary Schools* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015) agus *Looking at Action Planning for Improvement in DEIS Post-Primary Schools* (Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015) agus i *Report on the Evaluation of DEIS at Second-Level* (Education Research Centre, 2014). Orthu seo tá an riachtanas:

- Acmhainn a thógáil i scoileanna DEIS don fheabhsú sa pleanáil, leagan amach spriocanna agus féinmheasúnú
- Acmhainn cheannaireachta a thógáil sa scoil
- Dul i ngleic le saintéamaí DEIS nuair a mhaireann laigí leo
- Feabhas a chur ar chomhordú agus ar chuntasaíocht i scoileanna DEIS

Beidh dúil ag an Roinn foghlaim ó eispéireas scoileanna a bheith rannpháirteach sa tionscnamh. Mar shampla, má dhéantar scoileanna a chumasú cur chuige níos cruthaithí agus níos nuálaí a bheith acu maidir le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais, is mó an cumas bealaí níos fearr agus níos éifeachtaí a aithint le torthaí feabhsaithe a bhaint amach do dhaoine óga.

Is í aidhm fhoriomlán an tionscnaimh feabhas a chur ar thorthaí foghlama do dhaoine óga. Tá an tionscnamh ag tabhairt dúshlán scoileanna sna réimsí seo a leanas:

- Nuálaíocht a chur chun cinn trí chur chuige nua bunaithe ar fhianaise le dul i ngleic le feidhmíocht sa litearthacht agus in ábhair STEM i scoileanna DEIS

- Eolas múinteoirí ar ábhair agus modhanna múinte ábhar áirithe a fhorbairt ag an mbunleibhéal a thacaíonn inter alia leis an aistriú go dtí an dara leibhéal
- Pobail dea-chleachtais a fhorbairt trí scoileanna a spreagadh chun gréasáin agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt a thacóidh le comhoibriú taobh istigh d'earnálacha agus trasna earnálacha freisin

- Cur le muinín múinteoirí trína gcumas agus a n-éifeacht a fheabhsú go soiléir

- Feabhas a chur ar thorthaí foghlama san ábhar idir lámha agus i dtaca le gnóthachtáil fhadtéarmach agus le torthaí amach anseo

- Feabhas a chur ar rannpháirtíocht foghlaimeoirí ina n-eispéireas a chruthú agus a fhorbairt, chomh maith le hoideachas ina bhfuil an foghlaimeoir níos lárnaí

- Obair lena chinntiú go bhfuil bunús le hionchas daltaí, go bhfuil sé inbhainte amach, agus go gcumasaítear iad le barr a n-acmhainne a aimsiú

- Taifead agus craobhscaoileadh a dhéanamh ar nuálaíochtaí le scoileanna eile ina bhfuil dúshláin chosúla le go nglacfar níos forleithne leis an gcur chuige is rathúla

Tá an Ciste Barr Feabhais Scoileanna (SEF) dírithe go sonrach ar scoileanna i scéim DEIS i ngeall ar an tosaíocht atá ann gnóthachtáil daltaí a mhéadú sna scoileanna seo.

Is dócha le moltaí faoi thacaíochtaí sa SEF, atá á bhforbairt faoi láthair, go mbeidh cuireadh ar ghrúpaí scoileanna (réamhscoileanna san áireamh) ar fud na réigiún triail a bhaint as an tionscnamh a chur i bhfeidhm. Beidh scoileanna a bheidh rannpháirteach sa scéim gafa i dteagmháil leanúnach le Cigireacht ROS i rith na tréimhse píolótaí.

Beidh cuireadh ar ghrúpaí scoileanna a aithneoidh an Chigireacht, iarratas a chur isteach a chuirfidh mionsonraí ar fáil faoi conas is rún dóibh obair go nuálach agus go cruthaitheach le torthaí a fheabhsú dá ndaltaí. Beidh na grúpaí seo bunaithe ar chineál na scoile, a méid agus an áit a bhfuil sí. Úsáidfear na critéir seo a leanas leis na scoileanna sa tionscnamh a shainaithint:

- Cáilíocht fhoriomlán agus tionchar féideartha an phlean
- An cumas is léir atá ag an scoil torthaí an tionscnaimh a sholáthar
- Oiread agus atá na gníomhartha tionscnaimh nuálach

Tacófar leis an gCiste Barr Feabhais Scoileanna a chur i bhfeidhm trí Aonad Forbartha DEIS píolótach a thacóidh le hidirghabhálacha nua a chur i bhfeidhm agus a chabhróidh leis na hacmhainní riachtanacha a aimsiú ó na gníomhaireachtaí tacaíochta éagsúla.

Ba chóir do thionscnaimh díriú ar chleachtas atá bunaithe ar thaighde agus ar fhianaise san fhoghlaim agus sa teagasc le feabhsú suntasach i dtorthaí foghlama a thabhairt ann. Taispeánadh cheana an tacaíocht do scoileanna maidir le feabhsú a thagann le tionscnaimh ghréasánaithe. Spreagfar scoileanna le húsáid a bhaint as gréasáin atá ann nó le gréasáin nua a chruthú, le béim faoi leith ar nascadh le scoileanna a bhfuil taifead an fheabhais acu, ar nascadh le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna agus nuair is cuí, comhpháirtíochtaí a bheith san áireamh le speisialtóirí tríú leibhéil san oideachas agus/nó le grúpaí ábhartha tionscail nó pobail. Seo a leanas samplaí dá leithéid de thionscnaimh ghréasánaithe:

- Grúpaí scoileanna ag obair i gcomhar mar chomhpháirtithe le dúshláin agus le fadhbanna áirithe a aithint
- Obair le chéile le réiteach fadhbanna a aithint, ag cur scoth na gcleachtas measúnaithe agus teagaisc san áireamh

Socrófar cuid tosaigh an chláir ag brath ar an líon moltaí a fhaomhfar lena gcur i bhfeidhm, agus is dócha go méadófar seo thar am. Beidh maoiniú ar fáil ón gciste iomlán DEIS don chuid seo den SSP. Is mian go bhfásfar an mhír seo le himeacht ama de réir mar a thagann leathnú ar an líon grúpaí scoileanna a bhíonn gafa leis an tionscnamh seo, agus mar a bhailítear agus a chraobhscaoiltear an fhianaise ó idirghabhálacha éifeachtacha le haghaidh feabhsuithe ar fud an chórais i dtorthaí foghlama.

Áireofar freisin sa Chiste Barr Feabhais Scoileanna rannán taighde agus luachála ina mbeidh scoileanna ag taifeadadh agus ag foghlaim óna n-iarrachtaí agus ó thorthaí a n-oibre le Cigireacht na Roinne. Is é rún deiridh an taighde ar ghníomh ná an dea-chleachtas a chraobhscaoileadh do scoileanna eile. Spreagfar moltaí do mhaoiniú SEF ina mbeidh naisc idir scoileanna agus institiúidí acadúla ar féidir leo tacú le taighde gnímh ag na scoileanna atá i gceist.

Beidh fócas ag an gCreat Monatóireachta agus Measúnaithe a bheidh ar siúl in éineacht leis an bPlean seo ar chur i bhfeidhm agus ar thorthaí clár agus idirghabhálacha píolótacha i scoileanna ar thacaigh an Ciste Barr Feabhais Scoileanna leo. Beidh ar gach tionscnamh a roghnófar le linn thréimhse phíolótach an tionscnaimh, dul i dteagmháil ó am go chéile leis an Chigireacht. Cuirfidh Cigirí tacaíocht, comhairle agus dúshlán ar fáil do thionscnaimh trí chomhrá idirghairme a bheith acu le foireann na scoileanna. Samhlaítear go mbeidh ar a laghad dhá chuairt ón gCigireacht i gceist sa teagmháil seo le linn gach scoilbhliana.

Sa chaoi go mbeidh aird ag scoileanna ar an bhfeabhsú a bhaint amach sa chleachtas, ní bheidh ach an t-íosmhéid páipéarachais i gceist. Beidh ar gach grúpa scoileanna, mar sin féin,

tuarascálacha gearra bliantúla a chur isteach. Spreagfaidh na tuarascálacha bliantúla an maoiniú leanúnach don bhliain dar gceann chomh fada agus a mhairfidh an tionscnamh.

Iarrfar ar scoileanna sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhailiú. D'fhéadfadh sonraí cáilíochtúla freagairtí ceistneoirí a áireamh, seisiúin fócasghrúpaí, agus agallaimh le múinteoirí le monatóireacht a dhéanamh ar athruithe ar a n-eolas, a scileanna agus a meon. Is féidir le múinteoirí chomh maith dialanna a choinneáil ar dhul chun cinn an tionscnaimh leis an fhoghlaim athmhachnamhach a chur chun cinn. Ar na sonraí cainníochtúla a d'fhéadfadh a bheith ann, tá torthaí ó scrúduithe caighdeánaithe, scrúduithe a dhear múinteoirí, agus tascanna agus modhanna eile measúnaithe.

Cuspóir 2.4 – Tacaíocht le Nuálaíocht agus le Cruthaitheacht			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag:
22	Bailchríoch a chur ar mholtaí don Chiste Barr Feabhais Scoileanna a thacóidh le cleachtas nuálach agus le cruthaitheacht sa mhúineadh agus san fhoghlaim, ar a n-áireofar acmhainn shaindírithe ROS a thacóidh le scoileanna trí dhúshlán dearfach a thabhairt agus idirghabháil aonair.	R1 2017	ROS
23	An chéad sciar de ghrúpaí scoileanna SSP a aithint, le heagrais chomhpháirtíochta ón taobh amuigh san áireamh nuair is praiticiúil, le bheith páirteach sa triail tosaigh, agus aird ar na ceantair inar mó an dúshlán.	R2 2017	ROS
24	Moltaí a fhaomhadh ó scoileanna a mbeidh tionchar inmhothaithe acu ar eispéireas páistí ar scoil, agus tús a chur le triail tosaigh phíolótach sa chéad ghrúpa scoileanna.	R3 2017	ROS
25	Tús a chur le seirbhísí tacaíochta/comhairle do scoileanna i dtaca leis an gCiste Barr Feabhais Scoileanna.	R3 2017	ROS
26	Aonad Forbartha DEIS a bhunú le tacú leis an gcleachtas nuálach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.	R3 2017	ROS

Acmhainní Breise Teagaisc

Ainneoin gur chabhraigh dáileadh acmhainní breise teagaisc do bhunscoileanna DEIS inar dlúithe an líon daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais leis na torthaí a fheabhsú, tá na leibhéil ghnóthachtála sna scoileanna seo ró-íseal go fóill agus teastaíonn go leanfaí de na tacaíochtaí reatha seo a chur ar fáil.

Cuimsíonn tacaíochtaí atá curtha ar fáil faoin tSamhail Nua do Dháileadh Acmhainní Teagaisc le tacú le daltaí a bhfuil sainriachtanais acu, leithdháileadh 900 post breise múinteoireachta ar fud an chórais scolaíochta. Is í bunaidhm na samhla nua modh níos fearr, níos cothroime a chur ar fáil le hacmhainní a leithdháileadh ar scoileanna le tacú le páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, agus beidh sé le leas daltaí i scoileanna DEIS a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.

Mar sin féin, is gá scrúdú níos géire a dhéanamh ar mhéideanna reatha ranganna maidir leis an tacaíocht a chuireann sé sin ar fáil, go háirithe i dtaca le heiseamláirí den dea-chleachtas sa réimse seo.

Cuspóir 2.5 – Acmhainní Breise Teagaisc

Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag:
27	Measúnú a dhéanamh ar an leibhéal acmhainní teagaisc do scoileanna atá rannpháirteach sa SSP a dhéanamh taobh istigh den Chreat Monatóireachta agus Measúnaithe le bheith mar bhonn eolais do bheartais sa réimse seo feasta.	R1 2018	ROS
28	Fad agus atáthar ag fanacht le measúnú ar an leibhéal acmhainní teagaisc i scoileanna, cuirfidh bunscoileanna inar dlúithe an líon daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, cuirfidh siad i bhfeidhm sceideal foirne le riar ar ranganna den mhéid 20:1 (ranganna sóisearacha); 24:1 (scoil shinsearach).	Bliantúil	Scoileanna ROS
29	Athbhreithniú a dhéanamh ar dháileadh múinteoirí i mbunscoileanna uirbeacha ar mó ina bhfuil daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, i gcomhthéacs sonraí feabhsaithe scoile agus an tSamhail Leithdháilte Acmhainní RSO a fhorbairt.	R2 2018	ROS
30	Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar dháileadh Príomhoide Riaracháin ar bhunscoileanna uirbeacha inar dlúithe an líon daltaí ó phobail faoi mhíbhuntáiste atá ar thairseach níos ísle clárúcháin ná iad sin atá bailí i	Bliantúil	ROS

	mbunscoileanna go ginearálta, agus é sin i gcomhthéacs sonraí feabhsaithe scoileanna.		

Cuspóir 3 Cumas ceannairí scoileanna agus múinteoirí a fheabhsú chun acmhainní a phleanáil, a úsáid agus a chur i bhfeidhm le gur fearr a leas.

Múinteoirí mar cheannairí teagaisc agus foghlama

Sa Phlean don Oideachas 2016-2019, aithnítear go bhfuil an t-oideachas rathúil bunaithe inter alia ar cháilíocht an cheannais agus ar an gclisteacht múinteoireachta. Aithnítear leis sin go bhfuil an t-ádh ar Éirinn go meallann sí daoine ardcháilíochta isteach sa mhúinteoireacht agus san oiliúint a chuireann caighdeán ard ar fáil. Mar sin féin, mar a thugann an Plean Gnímh le fios, de réir mar a éiríonn dúshláin agus éilimh nua ar an gcóras oideachais agus oiliúna, is gá a chinntiú go mbeidh an cumas againn an dea-chleachtas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Áirítear i bPlean seo DEIS mar sin príomhchuspóir leis na seirbhísí oideachais seo a choinneáil ag feabhsú -agus sainaithníonn sé roinnt gníomhartha tábhachtacha leis an gcuspóir seo a sheoladh chun cinn, mar atá:

- cumas ceannaireachta a chur ar fáil
- teagasc agus foghlaim a neartú
- nuálaíocht a chur chun cinn
- oideachas tosaigh múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil

Tá na réimsí seo gnímh tábhachtach go háirithe i gcomhthéacs an mhíbhuntáiste oideachasúil agus na ndúshlán a bhíonn os comhair scoileanna ar suntasach an dlús daltaí iontu atá i mbaol drochthorthaí foghlama. Beidh sé tábhachtach freisin a chinntiú go n-úsáidfear na hacmhainní breise atá ar fáil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí le feabhas a chur ar thorthaí do gach foghlaimeoir. Beidh tuairisc faoi na hacmhainní seo agus na torthaí i bpróisis pleanála scoile agus féinmheasúnaithe a chothóidh ar a seal an Creat Monatóireachta agus Measúnaithe atá á fhorbairt le tacú leis an bPlean seo.

Leagann Plean DEIS amach na cuspóirí seo a leanas ag an Roinn:

- Oiliúint faoin míbhuntáiste oideachasúil a dhéanamh éigeantach san oideachas tosaigh múinteoirí
- Scoileanna rannpháirteacha i SSP a spreagadh le socrúcháin a chur ar fáil d'ábhar múinteoirí
- Leanúint de thús áite a thabhairt do scoileanna rannpháirteacha sa SSP maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí
- Tús áite a thabhairt do Phríomhoidí i scoileanna a dtacaíonn an SSP leo in oiliúint ceannaireachta agus cúrsaí ábhartha eile faofa ag Ionad Ceannaireachta Scoile
- Machnamh a dhéanamh ar scéim shabóideach do mhúinteoirí i scoileanna SSP, nuair a bhíonn acmhainní ar fáil chuige

Cuspóir 3

Cuspóir 3.1 –Tacaíocht le hOideachas Tosaigh Múinteoirí agus le Forbairt Ghairmiúil			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag:
31	Oiliúint ar an míbhuntáiste sóisialta a bheith mar chuid éigeantach den oideachas tosaigh múinteoirí le gur fearr a thuigfidh múinteoirí amach anseo na cúinsí a mbíonn tionchar acu ar theagasc agus ar fhoghlaim.	R4 2018	ROS
32	Socrúcháin le cur ar fáil ag scoileanna rannpháirteach sa SSP d'ábhar múinteoirí - tuairisciú faoin ghníomhaíocht seo sa Chreat Monatóireachta agus Measúnaithe.	Go bliantúil	Scoileanna
33	Sainmhíreanna le tacú le múinteoirí nuacháilithe i scoileanna rannpháirteach sa SSP a bheith mar chuid den chlár náisiúnta ionduchtaithe do mhúinteoirí.	R3 2018	ROS
34	An Fhorbairt Ghairmiúil do mhúinteoirí i scoileanna rannpháirteach sa SSP a bheith mar thosaíocht leanúnach ag an PDST, le tacaíochtaí dóibh seo thíos san áireamh: a. scoileanna nua sa SSP b. múinteoirí i scoileanna DEIS d'fhonn tacú leis na sainspriocanna dul chun cinn do na scoileanna seo san Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta.	R1 2018	ROS
Cuspóir 3.2 –Tacaíocht le Ceannaireacht Scoileanna			
35	Tabharfaidh an tIonad Ceannais Scoileanna (CSL) agus an PDST tús áite do Phríomhoidí agus do mhúinteoirí ó scoileanna a fhaigheann tacaíocht faoin SSP maidir le teacht ar chúrsaí oiliúna gairme, cúrsaí ullmhúcháin do	R4 2017	ROS, Ionad Ceannais Scoileanna

	phríomhoidí nuacheaptha, meantóireacht agus cúrsaí cóitseála. Beidh an líon áiteanna a dáileadh le tuairisciú ag an CSL faoin gCreat Monatóireachta agus Measúnaithe.		
36	Is cóir pleanáil agus spriocanna dá leithéid d'oiliúint a leagan amach sa Phlean Scoile.	R4 2017	Scoileanna
Cuspóir 3.3 –Tacaíocht do Choinneáil Múinteoirí i Scoileanna SSP			
37	Is cóir smaoineamh ar scéim saoire sabóidí do mhúinteoirí i scoileanna SSP, nuair a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin.	R3 2018	ROS

Tacaíocht do Theagmháil Fhónta leis an Oideachas

Ar na torthaí is tábhachtaí a bhí sa *Report on Learning from the Evaluation of DEIS* de chuid an ESRI tá an tábhacht le haeráid na scoile agus an gá go gcuirfidh scoileanna timpeallacht ar fáil a éascaíonn teagmháil fhónta leis an oideachas. Tá sé seo tábhachtach go háirithe nuair a mheastar na cúinsí le drochthinreamh ar scoil, neamhaird agus neamh-rannpháirt sa rang, agus luathfhágáil scoile. Anuas ar a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go hiomlán treoir ROS ar an gcuraclam agus ar pholasaithe scoile, ba chóir do scoileanna chomh maith úsáid iomlán a bhaint as an réimse tacaíochtaí atá ar fáil faoin SSP. Tá sé seo ábhartha go háirithe in iar-bhunscoileanna áit nach ionann agus an bhunscoil an struchtúr a bhíonn le teagasc agus foghlaim. Tá barrthábhacht le cur chuige scoile uile lena chinntiú go mbeidh aeráid dhearfach sa scoil do phobal na scoile uile. Ciallaíonn sé seo go bhfuil a c(h)uid le déanamh ag gach duine, idir mhúinteoirí, fhoireann nach mbíonn ag múineadh, thuismitheoirí agus na daltaí féin san áireamh.

Cuspóir 3.4 –Aeráid Dhearfach Scoile a Chruthú			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag:
38	Ba chóir don phleanáil scoile beartais a chur san áireamh le haghaidh rannpháirtíocht iomlán gach páirtí leasmhar i gcruthú agus i gcothabháil aeráid dhearfach scoile - ba chóir tionscnaimh rathúla a thuairisciú faoin gCreat Monatóireachta agus Measúnaithe.	R4 2017	Scoileanna

39	Ba chóir do scoileanna cur chuige scoile uile a bheith acu maidir le teagasc agus foghlaim, agus lena dteagmháil le seirbhísí i scoileanna agus thart orthu le hoiread tacaíochta agus spreagtha agus is féidir a thabhairt do dhaltaí le barr a n-acmhainne a bhaint amach.	R4 2017	Scoileanna

An Fholláine a chur chun cinn

Cabhraíonn cothú le forbairt phearsanta, le sláinte agus le folláine foghlaimeoirí agus phobal na scoile i gcoitinne, lena chinntiú go mbíonn teacht aniar inár bpáistí agus daoine óga, go mbíonn meas acu ar an éagsúlacht, go bhfoghlaimíonn siad conas caidrimh a chruthú agus a chothú, agus bheith gníomhach agus freagrach mar shaoránaigh sa tsochaí. Tá sé seo tábhachtach go háirithe i scoileanna DEIS inarb eol castacht mhór a bheith i riachtanais a gcuid daltaí. Is fócas áirithe de chuid an Phlean seo folláine a chothú i scoileanna DEIS.

Mar chuid dár ngníomhartha beartaithe, tacóimid go gníomhach le beartais cothaithe folláine agus déanfaimid forbairt orthu lena chinntiú gur codanna lárnacha den chóras oideachais agus oiliúna iad an teacht aniar meabhrach agus an fholláine phearsanta. Go háirithe, cuirfimid síneadh leis an gClár Múinteoirí *Incredible Years* agus leis an gClár *Friends* taobh istigh de scoileanna DEIS agus méadóimid acmhainn NEPS (Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais).

Cuspóir 3.5 –Folláine a chothú			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag:
40	Scoileanna SSP le naisc a neartú leis na seirbhísí ábhartha tacaíochta le folláine daltaí agus múinteoirí a fheabhsú, de réir threoirlínte ROS maidir le folláine i scoileanna.	R4 2017	Scoileanna
41	Scoileanna SSP leanúint de bheith ag cur ar fáil timpeallacht shábháilte thacúil do bhaill foirne. Is géarghá go dtacaítear le baill foirne maidir lena sláinte agus lena bhfolláine phearsanta a chothú.	R4 2017	Scoileanna
42	Scoileanna SSP le beartais a chur ina bPlean Scoile maidir le feabhas a chur ar	R4 2018	Scoileanna

	fholláine agus ar rannpháirtíocht i ngníomhartha dearfacha pobail.		
43	Gach iar-bhunscoil SSP clár folláine na Sraithe Sóisearaí do mhic léinn ag dul isteach sa chéad bhliain i Meán Fómhair 2017.	R3 2017	Scoileanna
Cuspóir 3.6 –Leibhéal feabhsaithe Seirbhísí Síceolaíochta Oideachais a chur ar fail do Scoileanna SSP			
44	Méadú a dhéanamh ar an dáileadh ama NEPS do scoileanna SSP de réir phlean NEPS a forbraíodh don soláthar seirbhíse. Feabhsóidh sé seo tacaíochtaí do scoileanna le haghaidh idirghabhálacha a chur i bhfeidhm ag leibhéal an choisc agus na luath-idirghabhála, chomh maith lena chinntiú go mbeidh teacht ag daltaí le riachtanais éiritheacha chasta mhothúchánacha ar thacaíocht ó shíceolaí oideachasúil.	R 4 2017	NEPS
45	Tús a chur le ceapachán 10 síceolaithe oideachasúla do 2017.	R 2 2017	NEPS
46	Tús le síneadh a chur le Cláir IY agus *Friends* i leith gach scoil DEIS, go háirithe an clár IY TCM do 500 múinteoir i scoileanna SSP i R4 2017 agus cláir *Friends* do 400 múinteoir i R4 2017.	R3 2017	NEPS
47	Samhail a fhorbairt mar ionadaí ar oiliúint NEPS i gcomhthéacs tionscnaimh phíolótaigh i ngrúpa amháin scoileanna a chuirfidh le beartas amach anseo.	R2 2018	NEPS
48	An tionscnamh Foireann Tacaíochta Dalta a leathnú go dtí grúpa breise 20 iar-bhunscoil SSP.	R4 2017	NEPS
49	Ionadaíocht múinteoirí d'oiliúint NEPS a fhorbairt i gcomhthéacs tionscnaimh phíolótaigh i ngrúpa amháin scoileanna le	R2 2017	NEPS, ROS

	bonn eolais a chur faoi bheartais amach anseo.		

Litearthacht teaghlaigh a chothú agus tacú léi

Is scileanna bunriachtanacha iad an litearthacht agus an uimhearthacht má táthar le leas a bhaint as an oideachas. Bíonn tionchar mór acu ar an acmhainn leas a bhaint as oiliúint agus fostaíocht a ghnóthú, agus cumasaíonn oideachas pobail daoine le muinín a chothú ina n-infhostaitheacht féin agus le dul i dteagmháil go héifeachtach leis an margadh saothair.

Is é ceann den 12 mhír thábhachtacha den Straitéis Breis-Oideachais agus Oiliúna é tacú le litearthacht tuismitheoirí agus teaghlaigh. Tá tús áite á thabhairt do ghníomhartha ar litearthacht teaghlaigh i 2016/17, ar a n-áirítear páirtíochtaí a leasú idir scoileanna agus Breis-Oideachas agus Oiliúint, le deiseanna a aibhsiú d'fhoghlaimeoirí fásta agus fócas ar an litearthacht teaghlaigh i bhfeachtas feasachta NALA 2016/17. Bainfidh tuismitheoirí tairbhe as cur i bhfeidhm níos leithne na Straitéise, le fócas san áireamh ar sholáthar níos déine agus ar theagmháil ghrúpa, socruithe feabhsaithe measúnaithe tosaigh agus réimse forbairtí eile.

Aithníonn An Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol fosta an gá atá le tacú le tuismitheoirí agus iad ag forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta a gcuid páistí mar chuid den ghnáthshaol.

Is cuspóir é de chuid an *Public Library Strategy 2013-2017 Opportunities for All* cur chuige comhoibríoch a chur ar siúl maidir le soláthar tacaíochta oideachais agus ábhar léitheoireachta fóillíochta idir scoileanna agus leabharlanna poiblí. Tá ról lárnach ag leabharlanna maidir le tacú le litearthacht teaghlaigh, ó cuireann siad spás ar fáil inar féidir le tuismitheoirí agus daltaí teacht ar acmhainní saora litearthachta agus uimhearthachta, acmhainní costasacha digiteacha san áireamh.

Léiríonn tionscnaimh mar iad seo agus eile conas is féidir foghlaim pobail agus teaghlaigh a bheith mar dhroichead idir oideachas foirmiúil agus oideachas baile. Is é an dúshlán ná teacht ar bhealaí leis an fhoghlaim ó thionscnaimh dá leithéid a phríomhshruthú le tacú leis an iarracht náisiúnta feabhas breise a chur ar litearthacht agus uimhearthacht.

Cuspóir 3.7 –Litearthacht Teaghlaigh a chur chun cinn agus tacu léi			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag:
50	Soláthróirí seirbhísí litearthachta daoine fásta agus teaghlach teagmháil fhoirmiúil a dhéanamh le seirbhísí bainteacha ábhartha (Teagmhálaí Baile-Scoile (HSCL), SCP, LCDCanna agus CYPSCanna) lena chinntiú go mbeidh tacaíocht iomlán ag an litearthacht teaghlaigh agus go bhfeabhsófar an teagmháil leis an oideachas.	R 4 2017	ROS Tusla SOLAS CYPSCanna
51	Is cóir pleanáil le haghaidh teagmhála le tuismitheoirí, i gcomhthéacs seirbhísí litearthachta teaghlaigh, a bheith san áireamh sa Phlean Scoile agus i bpleanáil seirbhíse Tusla HSC.	R 4 2017	Scoileanna Tusla ROS
52	Sonraí maidir le hionchuir, aschuir agus torthaí seirbhíse litearthachta teaghlaigh a bhailiú agus a thuairisciú faoin gCreat Monatóireachta agus Measúnaithe.	R 1 2018	Scoileanna Tusla

Tacaíocht le hAistrithe Rathúla

Tá roinnt aistrithe tábhachtacha ann d'fhoghlaimeoirí agus iad ag gluaiseacht thar an gcontanam oideachais:

- ón mbaile isteach sa réamhscoil
- ón réamhscoil isteach i mbliain shóisearach na bunscoile
- ó na ranganna sóisearacha isteach sna ranganna sinsearacha ag an mbunleibhéal
- ón mbunscoil isteach san iar-bhunscoil
- ón tsraith shóisearach isteach sa tsraith shinsearach san iar-bhunscoil
- ón iar-bhunscoil isteach sa bhreis- agus san ardoideachas agus saol na hoibre

Braitheann cé acu a éiríonn leis na haistrithe seo nó nach n-éiríonn ar acmhainn páistí agus daoine óga, agus a dteaghlaigh, déileáil leis an athrú suntasach a bhíonn i gceist, agus ar leibhéal agus ar réimse na dtacaíochtaí a bhíonn ar fáil le cuidiú leo ar an aistear seo. Is féidir le tuismitheoirí a bhfuil acmhainn shóisialta, chultúrtha agus eacnamúil acu na sócmhainní seo a fheidhmiú le cuidiú lena bpáistí, ach ní bhíonn an oiread céanna trealaimh ag tuismitheoirí agus ag páistí ar de chúlraí socheacnamaíochta níos boichte iad. I scoileanna DEIS, tá tábhacht le cláir láidre aistrithe agus teagmháil shaindírithe le tuismitheoirí ag a bhfuil leibhéil ísle teagmhála leis an oideachas, go traidisiúnta, má táthar le haistrithe rathúla a bhaint amach. Is iad seo a leanas na baill is tábhachtaí leis an bpróiseas seo a neartú: lucht gairmiúil in ionaid

luathbhlianta agus scoile, comhordaitheoirí HSCL, Comhordaitheoirí Tionscnaimh SCP, agus oifigigh rochtana ó institiúidí breis- agus ardoideachais.

Cuspóir 3.8 –Tacú le hAistrithe Rathúla			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag:
53	Socruithe a bheith i bpleananna scoile le haistrithe rathúla a neartú ag na heochairchéimeanna thar an gcontanam oideachais (Luathbhlianta go Bunscoil; Bunscoil go hIar-bhunscoil; Iar-bhunscoil go Breis- agus Ard-Oideachas).	R4 2017	Scoileanna
54	Ba chóir do gach iar-bhunscoil rannpháirteach sa SSP teacht a bheith acu ar chomhairleoir saindírithe ar threoir ghairme.	R4 2017	ROS
55	Teagmháil fhoirmiúil a bheith sa Phlean Scoile idir comhairleoirí, comhordaitheoirí HSCL, oifigigh rochtana Breis-Oideachais agus Ard-Oideachais le tacú le haistrithe rathúla.	R4 2018	Scoileanna, Comhordaitheoir HSCL agus Oifigigh Rochtana
56	Socruithe foirmiúla a dhéanamh maidir le teagmháil idir na baill is tábhachtaí sna haistrithe agus rochtain ar Bhreis- agus Ard-Oideachas agus Oiliúint lena chinntiú go mbeidh tacaíocht iomlán ag daltaí de chúlra faoi mhíbhuntáiste.	R2 2018	Comhordaitheoir HSCL , Comhairleoirí Scoile, Soláthróirí BOO agus Oifigigh Rochtana Ard-Oideachais
57	Bunóidh bunscoileanna SSP struchtúir a thacaíonn leis an teagmháil agus le dea-aistrithe le réamhscoileanna áitiúla.	R4 2018	
58	An fhéidearthacht a fhiosrú maidir le TY a úsáid níos mó in iar-bhunscoileanna SSP leis an choinneáil a chur chun cinn.	R1 2018	ROS
59	Scoileanna SSP le dul i gcomhairle le múinteoirí/daltaí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí i bhforbairt/athbhreithniú clár reatha TY	R1 2018	Scoileanna

	chun an leibhéal rannpháirtíochta a ardú.		
60	Boird Oideachais agus Oiliúna socruithe foirmiúla for-rochtana a bhunú trína seirbhíse FET chun tacú le rochtain agus í a chur chun cinn thar a gconairí reatha oideachais.	R3 2018	BOOnna
61	Clár FET agus Córas Foghlaimeora agus Tacaíochta (PLSS) a leathnú amach le cabhrú le cruinniú níos fearr sonraí faoi rannpháirtíocht i gcláir FET.	R3 2017	SOLAS
62	An comhionannas rochtana a phríomhshruthú in Institiúidí Ard-Oideachais.	R4 2019	ROS, UAO, Institiúidí Ard-Oideachais
63	Measúnú a dhéanamh ar thionscnaimh reatha le tacú le cothromas rochtana in Institiúidí Ard-Oideachais.	R4 2019	ROS, UAO, Institiúidí Ard-Oideachais
64	Sonraí agus fianaise atá cruinn a bhailiú ar an rochtain agus ar an rannpháirtíocht agus beartas a bhunú ar an méid a insíonn an taighde sin.	R4 2019	ROS, UAO, Institiúidí Ard-Oideachais
65	Conairí comhtháite a chruthú ón mbreisoideachas agus le bealaí eile iontrála san ardoideachas a chothú.	R4 2019	ROS, UAO, Institiúidí Ard-Oideachais
66	Athbhreithniú NCCA ar Chláir Sraithe Sinsearaí agus ar chonairí gairmiúla sa tsraith shinsearach, d'fhonn réimsí a mholadh le feabhsú. Tús a chur le hathbhreithniú le taighde a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta	R1 2017	ROS, NCCA

Tacaíocht le Taistealaithe agus le Romaigh

Is dúshlán leanúnach í an teagmháil ag Taistealaithe agus ag Romaigh leis an oideachas. Tá gnéithe de chultúr Taistealaithe agus Romach, agus taithí ag tuismitheoirí agus seantuismitheoirí ar an oideachas a fhágann go mbíonn deacrachtaí le tinreamh ar scoil, le rannpháirtíocht agus le coinneáil. Is tábhachtach go n-úsáidtear dea-chleachtas reatha agus

nuálaíocht i scoileanna agus i seirbhísí cúnta le feabhas a chur ar eispéireas páistí Taistealaithe i ngach scoil.

I gcomhar le grúpaí ionadaíocha Taistealaithe, leagann an Plean Náisiúnta do Chothroime Rochtana san Ard-Oideachas sprioc uaillmhianach amach don ghrúpa seo maidir le rannpháirtíocht san ardoideachas, a chuirfidh eiseamláirí ar fáil do pháistí Taistealaithe sa chóras scolaíochta.

Féachann comhoibriú breise atá beartaithe idir ROS agus Tusla, agus seirbhísí eile le tacú le Taistealaithe i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Ionchuimsithe Taistealaithe agus Romach le gach seirbhís a thabhairt le chéile le tacú leis an ngrúpa seo. Tá na socruithe ina leith seo san áireamh sa Phlean seo, ó tharla líon an-mhór páistí Taistealaithe agus Romach i scoileanna DEIS.

Cuspóir 3.9 –Tacú le Taistealaithe agus Romaigh			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag
67	Comhoibriú le Grúpaí Ionadaíochta Taistealaithe agus Tusla maidir le beartais le teagmháil Taistealaithe leis an oideachas a fheabhsú i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Ionchuimsithe Taistealaithe agus Romach.	R3 2017	ROS & Tusla
68	Luacháil a dhéanamh ar acmhainní reatha breise dírithe ar Thaistealaithe i gcomhthéacs na Tuarascála agus Moltaí i dtaca le Straitéis Oideachais do Thaistealaithe agus an cuspóir tacú le tinreamh, le rannpháirtíocht agus le coinneáil páistí Taistealaithe ar scoil.	R1 2018	ROS Tusla
69	Fiosrú a dhéanamh faoin dea-chleachtas agus faoi bheartais nuálacha a forbraíodh i scoileanna DEIS, ar bhonn píolótach le tacaíocht ón gCiste Barr Feabhais Scoileanna.	R3 2018	ROS TUSLA

Tacú le hEolas agus le Scileanna

Tugtar le fios sa tuarascáil *STEM Education in the Irish School System 2016* go bhfuil an dearcadh forleathan i measc daltaí, a dtuismitheoirí agus comhairleoirí gairme gur ábhair dheacra iad ábhair STEM agus nach bhfuil baint acu le saol daoine óga. Má chuirtear eolas níos fearr ar fáil faoi luach cáilíochtaí STEM, ó thaobh gairmeacha de, beidh spreagadh acu leanúint de bheith ag staidéar na n-ábhar STEM a fhad leis an Ardteistiméireacht agus ar aghaidh. Glacfar le Ráiteas Beartais Oideachais Náisiúnta STEM i 2017, ina mbeidh béim ar thábhacht na Matamaitice mar bhunús le gach oideachas STEM. Beidh tábhacht leis an mbéim ar an nasc idir Matamaitic agus STEM do scoileanna DEIS, ina mbíonn an fheidhmíocht sa Mhatamaitic

níos ísle ná an norm náisiúnta. Is tábhachtach STEM a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó i measc gach grúpa ar a bhfuil tearcionadaíocht.

Cothaíonn na healaíona spreagadh chun foghlama trí bhéim a leagan ar an rannpháirtíocht, an chruthaitheacht agus an nuálaíocht, an aird dhírithe agus bhuanaithe, dianseasmhacht agus tógáil rioscaí, agus cumais eile. Is cuid lárnach é na healaíona a imeascadh san oideachas de straitéis ionchuimsithe agus b'fhéidir go mbeadh athruithe láidre meabhracha, mothúchánacha, sóisialta agus comhoibríocha ar fhoghlaimeoirí i ngeall air. Tá sé seo ábhartha go háirithe i scoileanna DEIS a riarann ar líon ard páistí ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste, arb annamh a mbíonn teacht acu ar na healaíona.

Ar na cuspóirí atá leis an bPlean Gnímh don Oideachas 2016-2019 tá fócas níos láidre a chruthú ar an bhFiontraíocht, ar an gCruthaitheacht agus ar an Nuálaíocht tríd an gCairt Ealaíona san Oideachas a fheidhmiú, a seoladh i 2013, agus trí leathnú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí *Music Generation Music Education*. Déanfar gníomh mapála faoin gCairt Ealaíona san Oideachas, a aibhseoidh ceantair sa tír ina bhfuil droch-rochtain ar oideachas sna healaíona agus rannpháirtíocht ag daoine óga. D'fhéadfadh sé scoileanna agus ceantair faoi mhíbhuntáiste a aibhsiú d'fhonn na sonraí a úsáid le haghaidh rochtain agus rannpháirtíocht sna healaíona a fheabhsú sna ceantair sin. Is tosaíocht é freisin plean imeasctha feidhmithe do na healaíona san oideachas a dhearadh don Chlár *Creative Ireland 2017-2022*, faoi Cholún 1. Seolfar an Plean - *Arts Rich School Award ARÍS* - i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha Tuaithe agus Gaeltachta i Meán Fómhair 2017.

Cuspóir 3.10 –Tacú le STEM			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag:
70	Scoileanna SSP le fócas as an nua a dhéanamh ar ábhair STEM le glacadh STEM a fheabhsú - de réir Ráiteas Beartais Oideachais STEM.	R3 2020	Scoileanna
Cuspóir 3.11 – Tacú leis na hEalaíona san Oideachas			
71	Tionscnaimh faoin gCairt Ealaíona san Oideachas agus riachtanais scoileanna san SSP a chur san áireamh.	R4 2017	ROS
72	Idirghabhálacha i dtaca le scoileanna SSP maidir leis na healaíona a chur san áireamh sa phleanáil scoile agus sa tuairisciú faoin gCreat Monatóireachta agus Measúnaithe.	R4 2017	Scoileanna

Cuspóir 4 – Obair thras-Ghníomhaireachta leis an dea-chleachtas a chothú i scoileanna

Obair Thras-Rannach agus thrasghníomhaireachta

Thug Plean Gnímh DEIS 2005 faoi deara:

> *"The education system operates in a context of broader social and economic circumstances. A wide range of issues such as poverty, family breakdown and health problems can adversely affect the learning capacity of pupils. The education system cannot resolve these issues single-handedly, nor can it be expected to, but it must adopt a leading role in influencing interventions that directly impact on the ability of pupils to derive maximum benefit from educational provision"*

I ngeall ar thionscnaimh rialtais le blianta beaga anuas ar nós Torthaí níos fearr Todhchaí níos fearr - an Creat Náisiúnta Beartais do Pháistí agus Daoine Óga, agus bunú na Gníomhaireachta Páistí agus Teaghlaigh, tá treo beartais ann cheana maidir le hobair idirghníomhaireachta agus thras-Rannach le tacú le páistí agus le teaghlaigh, go háirithe leo siúd atá i mbaol drochthorthaí ina saol, go háirithe san oideachas. Feictear olltábhacht a bheith le hionchur cuimsitheach tras-Rannach a bheith i bhforbairt aon straitéis amach anseo le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil.

Déanfar forbairt bhreise ar chaidrimh oibre atá ann cheana thar Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí neamhrialtais trí struchtúir Torthaí níos fearr Todhchaí níos fearr, tríd an bpleanáil feidhmithe a leanfaidh an Plean DEIS seo, go háirithe tríd an nGrúpa Stiúrtha a bhunófar a dhéanfaidh maoirseacht ar fheidhmiú leanúnach an Chláir.

Anuas ar an réimse leathan tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna ón ROS, tá seirbhísí tábhachtacha eile á gcur ar fáil ag Ranna Rialtais eile i scoileanna agus thart orthu, le dul i ngleic le cuid de na fáthanna a bhíonn leis an míbhuntáiste oideachasúil, mar atá:

- **An Roinn Coimirce Sóisialaí**

  Anuas ar an leas don tsláinte agus don chothú a bhíonn leis na clubanna bricfeasta agus na hidirghabhálacha eile bia a bhíonn sna hionaid luathbhlianta agus sna scoileanna faoi scéim na mbéilí scoile, cuireann béilí scoile deis mhaith don mheascadh ar fáil, agus ag leibhéal na hiar-bhunscoile, is féidir go gcabhródh an bia ag am lóin leis an líon mac léinn a laghdú a fhágann an scoil roimh dheireadh an lae scoile.

  An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/Tusla
  Tá líon suntasach réimsí beartais i gceist sna tacaíochtaí a chuireann an DCYA ar fáil do scoileanna DEIS - Cúram agus Oideachas Luathbhlianta, Seirbhísí Páistí, Cosc agus Luath-idirghabháil, Leas Oideachasúil, Tacaíochtaí Teaghlaigh agus seirbhísí iarscoile. Déanann sí maoirseacht freisin ar Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Fearr a thugann le chéile na príomhsholáthróirí seirbhísí do pháistí agus do dhaoine óga le feabhsú a dhéanamh ar an gcomhoibriú idirghníomhaireachta agus torthaí náisiúnta a bhaint amach. Is cuid lárnach iad dhá mhír de SSP DEIS - Seirbhís

Teagmhálaithe Baile-Scoile agus an Clár Críochnaithe Scoile - de sheirbhís imeasctha Tusla agus a gcuid oibre leis an tinreamh, an rannpháirtíocht agus an dul chun cinn a fheabhsú, agus an luathfhágáil scoile a chosc. Ciallaíonn soláthar níos fearr luathbhlianta go mbíonn tabhartas suntasach ag an gcuid seo d'oideachas luathbhlianta ó thaobh ullmhúcháin don scoil de agus teagmháil níos fearr leis an oideachas. Tá gá anois ann machnamh a dhéanamh faoi leibhéal méadaithe an tsoláthair, agus an cumas ag an earnáil seo tionchar a imirt ar thorthaí foghlama amach anseo, sna socruithe maidir le teagmháil idir lucht gairmiúil sna hionaid luathbhlianta agus scoile araon. Tá an obair rathúil idirghníomhaireachta barrthábhachtach fosta ó thaobh teagmháil leis an oideachas de, go háirithe i dtaca le grúpaí ar nós mac léinn in aois scoile a thit ar lár ón bpríomhchóras oideachais.

An Roinn Sláinte/FSS

Cuireann an Roinn Sláinte agus FSS réimse seirbhísí ar fáil do pháistí in aois scoile agus dá dteaghlaigh a mbíonn tionchar tábhachtach acu ar thinreamh scoile, ar an rannpháirtíocht agus ar an dul chun cinn. Is féidir go bhfeabhsóidh seirbhísí le tacú le soláthair teiripe teanga an teagmháil leis an oideachas agus go mbeadh dea-thorthaí dá bharr ag páistí a mbíonn seirbhísí breise mar sin de dhíth orthu, go háirithe nuair a bhíonn siad sin ar fáil ag aois réamhscoile. Aithnítear tábhacht a bheith le seirbhísí meabhairshláinte, go háirithe do dhaltaí iar-bhunscoile. Cé gur seirbhísí do gach duine iad seo, bíonn siad tábhachtach go háirithe i dtaca leis na páistí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, go háirithe nuair a bhíonn siad ag freastal ar scoil ina bhfuil ardchastacht sna riachtanais atá inti.

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Ar na réimsí ábhartha beartais a thiteann ar chrann na Roinne seo tá Tithíocht, Seirbhísí Leabharlainne, Coistí Áitiúla Forbartha Pobail. Bunphrionsabal de chuid obair na Roinne is ea tacú le pobail agus iad a chumasú chun saincheisteanna eacnamúla agus sóisialta a shainaithint ina gceantair féin. Tugtar tacaíocht go háirithe do phobail atá leochaileach, faoi mhíbhuntáiste nó faoi bhagairt tríd an gClár Cuimsithe Shóisialta agus Gníomhaithe Pobail (SICAP), Coistí Áitiúla Forbartha Pobail (LCDC) agus Seirbhísí Leabharlainne. Tá tábhacht faoi leith le hidirghabhálacha SICAP agus LCDC maidir leis na míreanna sin den SCP a fhéachann le tacaíocht a chur ar fáil taobh amuigh den lá scoile, agus den bhliain scoile tríd an soláthar ag deireadh seachtaine agus saoire. Tá ríthábhacht le seirbhísí leabharlainne maidir le litearthacht daltaí agus teaghlach agus luaitear iad sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 mar acmhainn luachmhar ag teaghlaigh agus ag pobail, go háirithe i dtaca le forbairt scileanna urlabhra agus litearthachta i bpáistí atá an-óg.

Tá idirghabháil shuntasach ann, agus comhthuilleamaíocht chomh maith, idir na seirbhísí a sholáthraíonn na Ranna Rialtais agus na gníomhaireachtaí seo. Rud is ionann agus tacaíochtaí eile faoi SSP DEIS, is deacair go minic creidiúint as torthaí dearfacha a thabhairt d'aon idirghabháil ar leith. Is féidir áfach réimsí a aithint nach bhfuil ag éirí go héifeachtach le seirbhísí áirithe, nó nach ann dóibh ar chor ar bith. Féachann na gníomhartha seo thíos le cur le héifeachtacht tacaíochtaí aonair, agus a soláthar i gcumasc le seirbhísí eile. Is é an cuspóir

foriomlán ná feabhas a chur ar éifeachtacht soláthar seirbhísí le feabhas a chur ar thorthaí d'fhoghlaimeoirí.

Sa chás go mbíonn sé ábhartha agus iomchuí, dréachtófar prótacail agus/nó comhaontuithe leibhéal seirbhíse le Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais eile agus le soláthróirí eile seirbhíse lena chinntiú go mbeidh cur chuige éifeachtach leanúnach ann i leith tacaíochtaí a chur ar fáil le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil.

Cuspóir 4

Cuspóir 4.1 – Obair Idir-Ghníomhaireachta le feabhas a chur ar sheirbhísí do scoileanna			
Uimh.		Tréimhse	Curtha ar fáil ag:
73	Pleanáil scoile le naisc fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a aithint idir ionaid luathbhlianta, scoileanna, tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail le tacú le páistí sna haistrithe ar fud chontanam an oideachais.	R3 2017	Scoileanna
74	Athdhearbhú a dhéanamh ar ról an Chomhordaitheora HSCL le tagairt a dhéanamh don ról tacaithe le haistrithe idir an Scéim Cúram Luath-Óige agus Oideachais (ECCE) agus timpeallacht fhoirmiúil na scoile.	R4 2018	Tusla
75	Is cóir go mbunófar dáileadh acmhainní amach anseo ar phobail faoi mhíbhuntáiste ar shonraí daltaí atá ar coinneáil go lárnach i gcumasc le staitisticí Ceantar Beag an CSO.	R2 2018	DCYA
76	Ba chóir do scoileanna tionscnaimh luath-idirghabhála bhainteacha a aithint agus a chothú - áit a bhfuil siad seo maoinithe agus curtha ar fáil ag soláthróirí eile san áireamh.	R4 2017	Scoileanna
77	Ba chóir do scoileanna a chinntiú, nuair a bhítear ag glacadh le soláthróirí seachtracha seirbhíse go dtugtar san áireamh foghlaim bunaithe ar fhianaise ó na seirbhísí/tacaíochtaí sin.	R4 2017	Scoileanna

78	Ba chóir do scoileanna machnamh faoi leith a dhéanamh ar sholáthar reatha bunaithe ar fhianaise atá á measúnú go maith agus atá ag soláthar feabhsuithe sonracha sna torthaí do na daltaí.	R4 2017	Scoileanna
79	Tacaíochtaí SSP le machnamh a dhéanamh ar chláir atá curtha ar fáil faoi ABC nuair a bhíonn sé sin ábhartha do riachtanas pháistí na scoile. Ba chóir ar foghlaimíodh cheana ó ionaid ABC, nuair is ábhartha do na páistí a sainaithníodh, a ionchorprú sa mhúineadh reatha agus san fhoghlaim i scoileanna.	R4 2017	ROS DCYA Scoileanna
80	Ba chóir do scoileanna teagmháil le struchtúir LCDC agus CYPSC na háite leis an dícheall úsáide a bhaint as acmhainní atá ann agus dúbailt an tsoláthair a sheachaint. Tá baint faoi leith ag ról agus ag samhail an Chláir Críochnaithe Scoile agus ag feidhmeanna Comhordaitheoirí HSCL maidir leis seo.	R4 2017	Scoileanna Tusla DCYA LCDC CYPSCanna
81	Ba chóir go gcothódh teagmháil le LCDC agus CYPSC na háite naisc a chabhraíonn le daltaí bheith páirteach i ngníomhaíochtaí pobail na háite.	R4 2017	Scoileanna Tusla LCDC CYPSCanna
82	DYCA agus Tusla le machnamh a dhéanamh ar chláir/ghníomhartha áirithe ABC a ionchorpú sa Chlár Ionad Acmhainne Teaghlaigh, ar nós an Chláir Cuairt ar Bhaile - de réir Chuspóir 2.6 de BOBF.	R1 2018	DCYA Tusla
83	Foilseofar athdhearbhú ar ról an Chomhordaitheora HSCL le soiléiriú a chur ar fáil do mhúinteoirí atá ag glacadh le dualgais HSCL agus do sholáthróirí eile seirbhíse faoi ról an HSCL maidir le tacú le haistrithe ar fud chontanam an oideachais.	R2 2018	Tusla

84	Is gá scrúdú a dhéanamh ar ghrúpaí HSCL lena chinntiú go mbeidh siad ailínithe le socruithe don ghréasánú scoileanna agus don ghrúpáil faoin SSP nua - agus na socruithe nua grúpála SCP.	R1 2018	ROS Tusla
85	Scoileanna teagmháil a dhéanamh le seirbhísí ábhartha le rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a bpáistí a leasú agus tacú léi. Is cóir socruithe a chur san áireamh sa phlean scoile agus a thuairisciú faoin gCreat Measúnaithe agus Monatóireachta.	R4 2017	Scoileanna Tusla CYPSCS
86	DCYA/Tusla tiomantas an Chláir Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le Straitéis Críochnaithe Scoile i gcomhthéacs na moltaí in Athbhreithniú an ESRI ar an gClár Críochnaithe Scoile.	R3 2017	DCYA
87	Straitéis Críochnaithe Scoile ina bpléifear leis na nithe seo a leanas: • Maoiniú amach anseo ar an gClár Críochnaithe Scoile i gcomhthéacs riachtanas SSP nua; • Acmhainní d'Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta EWS Tusla; • An gá le tacar croíghníomhaíochtaí le soláthar ag SCPanna agus liosta comhaontaithe gníomhaíochtaí eile a sholáthar mar is cuí faoi na dálaí áitiúla, go háirithe i dtaca le seirbhísí reatha; • Tuilleadh comhtháiteachta i soláthar gníomhaíochtaí taobh amuigh den scoil, clubanna samhraidh agus gníomhaíochtaí eile saoire san áireamh le dúbailt seirbhísí a sheachaint. • Comhoibriú níos fearr idir Tusla agus na Ranna Coimirce Sóisialaí; Leanaí agus Gnóthaí Óige; Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Oideachais agus	R3 2017	Tusla DSP DCYA R/Sláinte R/TPPRA ROS

	Scileanna faoi shocruithe amach anseo maidir le scéimeanna béilí scoile a sholáthar. • Spriocanna a leagan síos le haghaidh coinneáil daltaí i scoileanna. • Fianaise ar shamhlacha cruthaithe den dea-chleachtas sa soláthar seirbhísí tacaíochta teaghlaigh le tacú le seirbhís imeasctha leasa oideachasúil - mar shampla samhail chleachtais Meitheal.		
88	Athbhreithniú sholáthar reatha lasmuigh den scoil agus dara sheans le cur san áireamh i dtacaíochtaí sa réimse seo amach anseo, iad sin a chuirtear ar fáil trí TUSLA san áireamh.	R3 2018	ROS, TUSLA, BOOnna, SOLAS
89	Sonraí níos mine a bheith san áireamh i dTuarascáil bhliantúil Tusla ar Thinreamh Scoile le tacú le béim níos mó ar thorthaí do scoileanna agus seirbhísí agus feabhas a chur ar thinreamh scoile. (Sonraí de réir scoilbhliana agus téarma; leibhéil an ghráid agus ina mbandaí le neamhláithreachtaí a aibhsiú idir 20-60 lá)	R2 2018	Tusla
90	Tusla a thabhairt ar scoileanna tuairisciú ar an líon daltaí atá ar chlár ama ídithe.	R4 2018	Tusla
91	DCYA le teagmháil leis an Roinn Sláinte, DSP agus ROS faoi fhorbairt treoirlínte ar shláinte bhia agus ar chothú, treoir faoi sholáthróirí/ cheannaitheoirí san áireamh.	R3 2017	DCYA R/Sláinte DSP ROS
92	Comhpháirtíocht Scoileanna Gnó a leathnú le riar ar aon scoileanna breise atá ar áireamh an SSP.	R3 2017	Tusla
93	Oibriú leis an FSS ar a athbhreithniú ar sholáthar reatha Teiripe Urlabhra agus Teanga agus moltaí a mheas a eascraíonn as an athbhreithniú sin.	R2 2017	FSS R/Sláinte DCYA

94	Píolótú breise a dhéanamh ar idirghabhálacha Teiripe Urlabhra agus Teanga a triaileadh cheana i scoileanna aonair agus i ngrúpa scoileanna, nuair atá fianaise ar fáil faoina rath, agus nuair nach bhfuil dúbailt nó díláithriú seirbhísí reatha i gceist leis seo.	R3 2017	DCYA R/Sláinte ROS
95	Maoiniú DSP do bhéilí scoile leanúint agus iad dírithe ar scoileanna atá rannpháirteach i SSP DEIS, le béim faoi leith ar chlubanna bricfeasta a chur chun cinn.	R4 2017	DSP
96	DSP teagmháil le DCYA/Tusla/DHPCLG/ROS ar na socruithe le haghaidh Scéimeanna Béilí Scoile a sholáthar amach anseo i gcomhthéacs an DCYA Straitéis Críochnaithe Scoile a fhorbairt.	R4 2017	ROS DSP DCYA RTPPRA Tusla
97	Nuair is ábhartha agus is gá, prótacail caidrimh agus/nó comhaontuithe leibhéil seirbhíse a tharraingt le Ranna/Gníomhaireachtaí eile Rialtais agus soláthróirí eile seirbhíse lena chinntiú go bhfuil cur chuige éifeachtach leanúnach ann i dtaca le tacaíochtaí SSP a chur ar fáil.	R2 2018	ROS DCYA DSP RTPPRA R/Sláinte Tusla NCSE SOLAS

Cuspóir 5 Tacú le hobair scoileanna tríd an taighde, an fhaisnéis, an measúnú agus an t-aiseolas a chur ar fáil le cuspóirí an Phlean a bhaint amach

Cláir Éifeachtacha

Cé go bhfuil a fhios againn gur tionchar dearfach ar an iomlán a bhí ag tacaíochtaí faoin gClár DEIS, níl dóthain ar eolas go fóill faoi cad atá ag tarlú i scoileanna aonair i dtaca le héifeachtacht idirghabhálacha áirithe, nó cumasc idirghabhálacha.

Seachas sonraí a bhailigh an ERC agus Cigireacht ROS mar chuid de phróiseas luachála DEIS, agus sonraí suirbhé a bhailigh ROS ó scoileanna maidir le scoileanna an Deontas DEIS a chaitheamh, is beag eolas staitisticiúil atá ar fáil don anailís faoi mhíreanna aonair den SSP. Feictear dúinn gur bearna shuntasach í an easpa sonraí faoi ionchur, aschur, agus torthaí faoin réimse acmhainní a úsáidtear i scoileanna SSP.

Tacófar le Clár nua Tacaíochta Scoileanna le Creat láidir Monatóireachta agus Measúnaithe a chruinneoidh le chéile faisnéis atá ar fáil trí struchtúir thuarascála atá ann cheana.

Creat Monatóireachta agus Measúnaithe

Beidh na nithe seo a leanas mar chúram ag an gCreat Monatóireachta agus Measúnaithe ann, atá á fhorbairt ag an ROS:

- Faisnéis reatha a choinneáil faoi athruithe déimeagrafacha i gcomhthéacs na scoile;
- Tógáil ar fhoinsí sonraí atá ann cheana le tacar cuimsitheach sonraí a chur ar fáil maidir leis na hacmhainní ROS agus eile atá ar fáil do scoileanna DEIS;
- Tógáil ar shocruithe reatha tuarascála ag scoileanna lena chinntiú go mbainfear úsáid níos éifeachtaí as acmhainní (trí ionchur a nascadh le haschur agus le torthaí);
- An nascadh a dhéanamh idir an Phleanáil Scoile don Fheabhsú agus torthaí teagaisc agus foghlama;
- Maoirseacht a dhéanamh ar chláir phíolótacha agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí i gcomhthéacs Feabhas Scoile;
- Tuarascáil bhliantúil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean seo DEIS.

Cuspóir 5

Cuspóir 5.1 –Plean Feidhmithe			
Uimh.	Gníomh	Tréimhse	Curtha ar fáil ag
98	ROS le Clár mionsonraithe Feidhmithe a fhorbairt ina n-áireofar Grúpa Stiúrtha an Chláir a cheapadh ina mbeidh ROS, Ranna ábhartha agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile, agus comhpháirtithe oideachais.	R2 2017	ROS
Cuspóir 5.2 –Creat Measúnaithe agus Monatóireachta			
99	SIU, Rannóg Staitisticí, an Chigireacht, ERC agus saineolas seachtrach sa mheasúnú le Creat Monatóireachta agus Measúnaithe a fhorbairt le haghaidh SSP nua a fheabhsóidh an trédhearcacht agus a shocróidh cé na hidirghabhálacha is mó tionchar i dtaca le torthaí níos fearr a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí.	R2 2017	ROS
Cuspóir 5.3 – Cruinniú agus Cothabháil Sonraí			
100	Bunachar sonraí cuimsitheach, inrochtana, reatha a chur ar fáil a chláróidh agus a chuirfidh sonraí ar fáil i dtaca le gach acmhainní ROS a dháiltear ar scoileanna - rud a chabhróidh le dáileadh acmhainní agus le monatóireacht agus le measúnú.	R2 2017	ROS
101	Acmhainní TEF agus acmhainní eile foirne lena chinntiú go mbeidh cothabháil ar an mbunachar sonraí le riar ar riachtanais leanúnacha monatóireachta, measúnaithe agus taighde eile a bheidh ag Plean DEIS.	R2 2017	ROS
Cuspóir 5.4 – Córas Faisnéise/Cumarsáide a Fhorbairt			
102	An ROS le tairseach faisnéise DEIS a bhunú le haghaidh gach tacaíocht SSP, seirbhísí agus tacaíochtaí seachtracha san	R3 2017	ROS

	áireamh. Tabharfaidh an tairseach eolas freisin ar an gCreat Monatóireachta agus Measúnaithe.		
103	Ba chóir don tairseach a bheith idirghníomhach, agus na meáin shóisialta bheith mar chuid de, leis an teagmháil agus an chomhroinnt eolais a éascú ag an leibhéal áitiúil maidir le seirbhísí áitiúla agus cur chuige cruthaithe i scoileanna agus thart orthu le dul i ngleic le dúshláin a bhíonn roimh na scoileanna sin go sonrach.	R3 2017	ROS
Cuspóir 5.5 –Próiseas Phlean DEIS			
104	Déanfar monatóireacht ar ghníomhartha de réir scálaí foilsithe ama.	Ar leanúint	ROS
105	Dáilfear freagrachtaí as gníomhartha go soiléir.	Ar leanúint	ROS
106	Déanfar athbhreithniú i ndeireadh na bliana acadúla 2017/18 lena scrúdú cad é mar a d'oibrigh an tsamhail nua le haghaidh dáileadh acmhainní.	R3 2018	ROS
107	Foilseofar tuarascáil ar bhonn bliantúil maidir le feidhmiú Phlean DEIS.	R4 gach bliain	ROS
108	Déanfar tuairisciú tréimhsiúil ar ghníomhartha de réir mar is gá trí struchtúr TNFTNF agus NAPSI.	Ar leanúint	ROS

Aguisín 1

Tacaíochtaí atá ar fáil faoi Chlár Tacaíochta Scoileanna DEIS*

Acmhainní do Bhunscoileanna Banda 1:

- Líon ranga laghdaithe - sceideal foirne a chur i bhfeidhm do bhunscoileanna DEIS Banda 1 le riar ar líon ranga 20:1 i ranganna sóisearacha agus 24:1 i ranganna sinsearacha
- Príomhoidí riaracháin a bheith le dáileadh ar chlárúchán agus líon foirne níos ísle ná mar a bhaineann le bunscoileanna go ginearálta (116 i mBanda 1)
- Cabhair dheontais bhreise bunaithe ar leibhéal an mhíbhuntáiste
- Ráta leasaithe maoinithe faoi Scéim Deontas na Leabhar Scoile
- Rochtain ar sheirbhísí Teagmhálaí Baile-Scoile (HSCL)
- Rochtain tús áite ar Chlár Béile Scoile
- Rochtain ar réimse tacaíochtaí faoin gClár Críochnaithe Scoile (SCP)
- Rochtain ar sheirbhísí/bheartais tacaíochta litearthachta/uimhearthachta
- Rochtain tús áite ar an Ionad Ceannaireachta Scoile
- Soláthar NEPS leathnaithe i scoileanna DEIS
- Leathnú amach an Chláir Bainistíochta Ranga 'Incredible Years' agus an Chláir 'Friends' do gach scoil DEIS
- Rochtain tús áite ar réimse tacaíochtaí don fhorbairt ghairmiúil

Acmhainní do Bhunscoileanna Banda 2:

- Príomhoidí riaracháin a bheith le dáileadh ar chlárúchán agus líon foirne níos ísle ná mar a bhaineann le bunscoileanna go ginearálta (144 i mBanda 2)
- Cabhair dheontais bhreise bunaithe ar leibhéal an mhíbhuntáiste
- Ráta leasaithe maoinithe faoi Scéim Deontas na Leabhar Scoile
- Rochtain ar sheirbhísí Teagmhálaí Baile-Scoile (HSCL)
- Rochtain tús áite ar Chlár Béile Scoile
- Rochtain ar réimse tacaíochtaí faoin gClár Críochnaithe Scoile (SCP)
- Rochtain ar sheirbhísí/bheartais tacaíochta litearthachta/uimhearthachta
- Rochtain tús áite ar an Ionad Ceannaireachta Scoile
- Soláthar NEPS leathnaithe i scoileanna DEIS
- Leathnú amach an Chláir Bainistíochta Ranga 'Incredible Years' agus an Chláir 'Friends' do gach scoil DEIS
- Rochtain tús áite ar réimse tacaíochtaí don fhorbairt ghairmiúil

Acmhainní do Bhunscoileanna Tuaithe DEIS:

- Cabhair dheontais bhreise bunaithe ar leibhéal an mhíbhuntáiste
- Ráta leasaithe maoinithe faoi Scéim Deontas na Leabhar Scoile
- Rochtain tús áite ar Chlár Béile Scoile
- Rochtain ar réimse tacaíochtaí faoin gClár Críochnaithe Scoile (SCP)
- Rochtain ar sheirbhísí/bheartais tacaíochta litearthachta/uimhearthachta

- Rochtain tús áite ar an Ionad Ceannaireachta Scoile
- Soláthar NEPS leathnaithe i scoileanna DEIS
- Leathnú amach an Chláir Bainistíochta Ranga 'Incredible Years' agus an Chláir 'Friends' do gach scoil DEIS
- Rochtain tús áite ar réimse tacaíochtaí don fhorbairt ghairmiúil

Acmhainní d'iar-bhunscoileanna DEIS:

- Cabhair dheontais bhreise bunaithe ar an leibhéal míbhuntáiste
- Leithdháileadh leasaithe treorach, 1.25 den PTR (is é 0.5 an leithdháileadh taobh amuigh de DEIS)
- Ráta leasaithe maoinithe faoi Scéim Deontais na Leabhar Scoile
- Rochtain ar sheirbhísí Teagmhálaí Baile Scoile (HSCL)
- Rochtain tús áite don Chlár Béile Scoile
- Rochtain ar réimse tacaíochtaí faoin gClár Críochnaithe Scoile
- Rochtain ar Chlár Teastais Shóisearaigh Scoileanna
- Rochtain ar Chlár Feidhmeach Ardteistiméireachta
- Rochtain tús áite ar Ionad Ceannaireachta Scoile
- Rochtain tús áite ar réimse tacaíochtaí forbartha gairmiúla
- Leathnú soláthair NEPS i scoileanna DEIS
- An Clár *Friends* a leathnú amach chuig gach scoil DEIS

- Mar a tugadh le fios faoi Chuspóir 1, ó Mheán Fómhair ar aghaidh, leathnófar tacaíochtaí faoin gClár Tacaíochta Scoileanna ar bhonn tréimhsiúil chuig na scoileanna sin nach bhfaigheann na tacaíochtaí sin cheana agus atá sainaitheanta mar ionaid ina bhfuil an líon is dlúithe daltaí ar mó a mbaol bheith faoi mhíbhuntáiste.

Aguisín 2 - Gluais Téarmaí agus Giorrúchán

ABC	Area Based Childhood Programme
BOBF	Better Outcomes Brighter Futures
CSL	Centre for School Leadership *Ionad Ceannaireachta Scoile*
CSO	Central Statistics Office
CYPSC	Children & Young People's Services Committee
DCYA	Department of Children and Youth Affairs
DEIS	Delivering Equality of Opportunity in Schools *Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna*
ROS	Department of Education & Skills *Roinn Oideachais agus Scileanna*
DHPCLG	Department of Housing, Planning, Community & Local Government *An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil*
DOH	Department of Health *An Roinn Sláinte*
DSP	Department of Social Protection *An Roinn Coimirce Sóisialaí*
EAL	English as an Additional Language *Béarla mar Theanga Bhreise*
ECCE	Early Childhood Care and Education Scheme
ERC	Educational Research Centre *Ionad Taighde Oideachais*
EYEI	Early Years Education-focused Inspections
BOO	Breis-Oideachas agus Oiliúint Further Education and Training
UOA	Higher Education Authority *An tÚdarás um Ard-Oideachas*
HEI	Higher Education *Ard-Oideachas*
HSCL	Home School Community Liaison Scheme *Scéim Teagmhálaí Baile-Scoile*
HEAR	Higher Education Access Route
TFC	Information & Communications Technology *Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide*
ISS	Inclusion Support Service
IYTCM	Incredible Years Teacher Classroom Management Programme
LCDC	Local Community Development Committee

NCSE	National Council for Special Education
NAPSI	National Plan for Social Inclusion
NEPS	National Educational Psychological Service *Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais*
NGO	Non-Governmental Organisation *Eagraíocht Neamh-Rialtais*
PDST	Professional Development Service for Teachers
PLSS	Programme and Learner Support System
POD	Primary Online Database
PPOD	Post Primary Online Database
PTR	Pupil Teacher Ratio
SAPs	Small Areas Population Statistics
SCP	School Completion Programme
SEN	Special Educational Needs *Sainriachtanais Oideachasúla*
Solas	Further Education and Training Authority
SIU	Social Inclusion Unit
SLT	Speech and Language Therapy Teiripe *Urlabhra agus Teanga*
SSP	School Support Programme
TUSLA	Child and Family Agency